

# Ár nDualgas Cúraim

Prionsabail an  
dea-chleachtais  
chun cosaint a  
thabhairt do leanaí  
agus do dhaoine  
óga



DEPARTMENT  
OF HEALTH & CHILDREN  
AN ROINN SLÁINTE  
AGUS LEANAÍ



# Clár

---

## RÉAMHRÁ

---

<b>RANNÓG A hAON:</b>	PRIONSABAIL AN DEA-CHLEACHTAIS
<b>RANNÓG A DÓ:</b>	CEARTA LEANAÍ A CHOSAINT AGUS A CHUR CHUN CIN
<b>RANNÓG A TRÍ:</b>	CLEACHTAIS SHÁBHÁILTE EARCAÍOCHTA A FHORBAIR
<b>RANNÓG A CEATHAIR:</b>	CLEACHTAIS & POLASAITHE SÁBHÁILTE BAINISTÍOCHT A FHORBAIRT
<b>RANNÓG A CÚIG:</b>	AIRD A THARRAINGT AR DHROCHÚSÁID LEANAÍ
<b>RANNÓG A SÉ:</b>	AG DÉILEÁIL LE TAISMÍ AGUS LE GEARÁIN NÓ LE LÍOMHAINÍ NÓ AMHRAS FAOI DHROCHÚSÁID L
<b>RANNÓG A SEACHT:</b>	AN BEARTAS ATÁ LE DÉANAMH NUAIR A DHÉANTAR LI IN AGHAIDH OIBRÍ DE CHUID NA hEAGRAÍOCHTA
<b>RANNÓG A hOCHT:</b>	NASCANNA A DHÉANAMH
<b>AGUISÍN 1:</b>	NÓSANNA CAIGHDEÁNACHA IMEACHTA I dTACA LE TU
<b>AGUISÍN 2:</b>	BOIRD SLÁINTE AGUS AN GARDA SÍOCHÁNA - POLASAITHE COSANTA LEANAÍ
<b>AGUISÍN 3:</b>	SEOLTAÍ BHAINISTEoirí CHÚRAM LEANAÍ NA mBORD S
<b>AGUISÍN 4:</b>	SAMPLA DE FHOIRM IARRATAIS DO OIBRÍ DEONACH
<b>AGUISÍN 5:</b>	SAMPLA DE FHOIRM DHEARBHÚCHÁIN DO OIBRÍ DEOI
<b>AGUISÍN 6:</b>	SAMPLA DE FHOIRM THEISTIMÉIREACHTA DO OIBRÍ DE
<b>AGUISÍN 7:</b>	FOIRM CHAIGHDEÁNACH LE TUAIRISCIÚ AR IMNÍ FAOI AGUS/NÓ LEAS LINBH

---

## Réamhrá

Tá an doiciméad seo, dar teideal **Ár nDualgas Cúraim**, dírithe ar eagraíochtaí pobail agus deonacha, is cuma cén mhéid nó cén cineál iad, a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí. Tugann sé treoir faoin dóigh le leas an linbh a chur chun cinn agus faoi fhorbairt dea-chleachtas le linn oibre leis na leanaí. Tugann sé eolas freisin faoin mbealach le comharthaí drochúsáide ar leanaí a aithint agus faoi na céimeanna is ceart a ghlacadh laistigh de eagraíochtaí má bhíonn amhras, fianaise nó tuairisciú ann go bhfuil sé ag tarlú. Déantar cur síos ar na céimeanna ar leith is ceart a ghlacadh chun tuairisc a thabhairt don bhord sláinte faoi amhras drochúsáide nó drochúsáid féin agus tugtar treoir faoin dóigh le cásanna goilliúnacha a láimhsiú.

Tugann comhpháirtíocht in eagraíochtaí deonacha agus pobail buntáistí sóisialacha, oideachasúla agus fóillíochta do leanaí. I gcásanna áirithe, cúitíonn sé an díth, an cailteanas agus an strus a bhíonn orthu agus cuireann sé le cáilíocht a mbeatha. Bíonn na daoine a oibríonn sna háiteanna sin socraithe go maith chun tacaíocht a thabhairt do leanaí a bhfuil cruatan orthu, nó chun a aithint ar leanaí go raibh siad nó go bhfuil siad i mbaol dochair. Tá an doiciméad, **Ár nDualgas Cúraim**, leagtha amach chun cuidiú le heagraíochtaí an caighdeán cúraim is fearr atá ar fáil a thabhairt do na leanaí, agus cosaint a thabhairt dóibh, chomh fada agus is féidir, ó gach cineál dochair.

Ba chóir **Ár nDualgas Cúraim** a léamh i gcomhar le *Tús Áite do Leanáí – Treoirlínte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanáí* (An Roinn Sláinte & Leanáí, 1999) agus aon treoirleabhar eile atá foilsithe go háitiúil ag do bhord sláinte. Ní mór do gach eagraíocht náisiúnta a oibríonn le leanaí nó a chuireann seirbhísí ar fáil dóibh eolas a bheith acu faoi *Tús Áite do Leanáí*, agus ní mór aon treoirlínte nua a chuirfear ar fáil a bheith ag dul dá réir sin.

Níl sé i gceist go mbeadh **Ár nDualgas Cúraim** ina lámhleabhar cleachtais agus ní mhaíonn sé go bhfuil sé ag díriú ar na cúinsí iomlána casta a bhaineann le drochúsáid leanaí. Ina áit sin, tugann sé treoir phraiticiúil don fhoireann agus do na hoibríthe deonacha a bhíonn ag obair le leanaí trí léiriú a thabhairt ar roinnt bunphrionsabal dea-chleachtais, ag cur béime ar na príomheilimintí i ngach cearn acu agus ag plé na gcúinsí a thagann chun cinn. Tá an doiciméad seo bunaithe ar an doiciméad dar teideal, *Our Duty to Care*, atá i dTuaisceart na hÉireann agus cuid mhaith de na prionsabail chéanna ann, d'fhonn cur chuige uileÉireann a léiriú i dtaca le cosaint leanaí thar cheann na n-eagras pobail agus deonach. Tá an leagan amach sin bunaithe ar an dtuairim go bhfuil dualgas morálta ar aon duine nó ar aon eagraíocht a bhíonn ag obair le leanaí cúram leanbhíoch, sábháilte agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil do na leanaí sin.

Tugann gach rannóg de **Ár nDualgas Cúraim** comhairle phraiticiúil faoin dóigh leis na prionsabail atá léirithe a chur i ngníomh, cé go gcaithfear iad a chur in oiriúint, gan dabht, do nádúr na seirbhíse atá gach grúpa nó eagraíocht ar leith a chur ar fáil. Tá bileog fíricí curtha ar fáil leis an doiciméad do oibríthe laistigh den eagraíocht chomh maith leis na daoine a bheidh ag úsáid na seirbhíse agus don phobal i gcoitinne, mar aon le hagusíní ina bhfuil eolas agus samplaí d'fhoirmeacha éagsúla. Níor mhiste do na heagraíochtaí bileoga fíricí den sórt céanna a fhorbairt dóibh féin chun aird a thabhairt ar aon ghné speisialta nó áitiúil, mar aon le heolas ar nós seoltaí na ngníomhaireachtaí áitiúla.



## NA TÉARMAÍ A SHOILÉIRIÚ

Sa treoir seo ciallaíonn **'oibrí'** aon duine atá ag obair le leanaí nó daoine óga, nó ag gníomhú go deonach leo, bíodh na daoine sin fostaithe ar thuarastal le grúpa nó le heagraíocht nó ag obair go deonach.

Sa chás is go luaitear **'leanaí'** nó **'daoine óga'** sa téacs, bíonn an dá dhream i gceist. Cé go dtugtar sainmhíniú éagsúil ar na téarmaí sin i reachtaíochtaí éagsúla, sainítear leanbh mar dhuine atá faoi bhun 18 mbliana san Acht um Chúram Leanáí, 1991 agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Chun dea-chleachtas a fhorbairt, sin an sainmhíniú a ghlactar leis sa treoir seo.

Úsáidtear an téarma **'eagraíocht'** síos tríd an doiciméad. Ciallaíonn sin seirbhís, gníomhaireacht, club, grúpa nó cumann a oibríonn le leanaí nó a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí, ar íocaíocht nó gan íocaíocht, agus a fhostaíonn daoine a bhfuil nó nach bhfuil cáilíochtaí gairmiúla acu, ar íocaíocht nó gan íocaíocht, do aon chineál oibre.

## Rannóg a hAon

### Prionsabail an dea-chleachtais

Má ghlactar leis na prionsabail seo a leanas i do eagraíocht cuideoidh sé le timpeallacht a chruthú ina dtugtar cluas éisteachta do na leanaí, ina dtugtar le fios dóibh go mbaineann siad leis an áit agus go bhfuil siad sábháilte ann, ina dtugtar tacaíocht agus spreagadh do na tuismitheoirí, agus ina dtugtar tacaíocht agus cosaint don fhoireann agus do na hoibrithe deonacha atá ag obair le leanaí agus le daoine óga.

Ní mór do gach eagraíocht a chuireann seirbhís ar fáil do leanaí::

- Aitheantas a thabhairt don **cheart atá ag na leanaí** go dtabharfaí cosaint dóibh, go gcaithfí go hómósach leo, go dtabharfaí éisteacht dóibh agus go gcuirfí a dtuairimí san áireamh;
- Glacadh leis go gcaithfear tús áite a thabhairt do **leas na leanaí**, beag beann ar aon chúinse eile;
- **Polasaí cosanta leanaí** a fhorbairt a thabharfaidh aird ar aon drochúsáid leanaí a d'fhéadfadh tarlú agus a leagann síos na céimeanna nach mór a thógáil má bhíonn amhras ann go bhfuil a leithéid ag tarlú;
- Na **cleachtais is sábháilte** atá ar a gcumas a úsáid chun a chinntiú nach bhfuil ann ach an baol is lú go dtarlóidh díobháil nó taise do na leanaí agus chun cosaint a thabhairt do na hoibrithe in aghaidh gá a bheith acu rioscaí a thógáil, rud a d'fhéadfadh iad féin a chur i mbaol líomhaintí faoi dhrochúsáid nó siléig;
- Modhanna atá sainithe go soiléir a úsáid chun **foireann nó oibrithe deonacha a earcú**
- Nósanna imeachta a fhorbairt chun déileáil le **taismí nó gearáin**
- Smaoiniú go bhféadfadh **idirghabháil ghasta** i gcás leanaí atá leochaileach nó i mbaol dochair, iad a chosaint ó dhochar mór níos deireanaí
- Smaoiniú go bhféadfadh **aois, inscne agus cúlra linbh** tionchar a bheith acu ar an mothúchán agus ar an tuisceant a bhíonn ag an leanbh sin ar a bhfuil ag tarlú dó/di
- Oiliúint i dtaca le **cosaint leanaí a chur ar fáil do oibrithe**. Ba chóir go léireofaí leis sin freagrachtaí na n-eagraíochtaí agus na ndaoine ar leith atá iontu, mar aon leis na nósanna imeachta is cóir a leanacht má bhíonn amhras faoi mhí-úsáid linbh i gceist.
- Forbairt a dhéanamh ar **pholasaí oscailteachta leis na tuismitheoirí** faoina rachfar i gcomhairle leo faoi gach gné a bhaineann lena leanaí, agus iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh san eagraíocht cibé uair is féidir;
- Forbairt a dhéanamh ar an **gcomhoibriú** le gníomhaireachtaí eile agus le gairmeoirí a thugann cúram agus cosaint do leanaí trí eolas a roinnt leo nuair a bhíonn gá leis agus trí oibriú lena chéile chun an toradh is fearr a fháil don leanbh atá i gceist;
- **Nascadh** le heagraíochtaí ábhartha eile chun forbairt a dhéanamh ar na polasaithe agus na cleachtais a bhaineann le cosaint agus le leas na leanaí

#### Ná déan dearmad:

- Ciallaíonn meas ar na leanaí go bhfuil meas ar na hoibrithe freisin; trína dheimhniú go bhfuil cleachtais shábháilte i bhfeidhm, nach bhfuil gá ag an bhfoireann rioscaí a thógáil agus go bhfuil tacaíocht ar fáil acu i gcónaí beidh an eagraíocht níos sláintiúla agus níos sábháilte.

## Rannóg a dó

### Cearta leanaí a chosaint agus a chur chun cinn

#### Is éard is ciall le cearta leanaí a chosaint agus a chur chun cinn i do eagraíocht féin ná

- **Timpeallacht a chruthú** ina bhfuil meas ar na leanaí, ina spreagtar agus ina ndearbhchothaítear iad, ina bhfuil meas ar a gcearta agus ina gcaitear le gach duine acu mar dhuine ar leith.
- Céimeanna a ghlacadh chun a chinntiú go bhfuil **a fhios ag na leanaí faoi na cearta** atá acu agus faoi na freagrachtaí atá orthu.
- Glacadh leis gurb é **leas an linbh an gné is tábhachtaí** in aon eagraíocht a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí.
- Deireadh a chur, an oiread agus is féidir, le haon **iompar bagarthach, foréigneach nó táireach**.
- **Polasaí cosanta leanaí** a chur i bhfeidhm chun na leanaí a choinneáil chomh sábháilte agus is féidir.

Eagraíocht ar ardchaighdeán is ea ceann ina mbíonn meas ar leanaí agus ina mbíonn a sábháilteacht, a dtaitneamh agus a gcompond lárnach ina gníomhaíochtaí. Ba chóir do eagraíochtaí a bheith dírithe ar féinmheas na leanaí a fhorbairt, gach leanbh a spreagadh chun cur leis na gníomhaíochtaí agus a bheith páirteach iontu, agus a gcuid iarrachtaí a mholadh chomh maith lena mbuanna. Is lú an seans go dtarlóidh bullaíocht ná drochiompar in atmaisféar atá bunaithe ar dhea-chaidreamh, ar mheas ar a chéile agus ar thacaíocht. Ar an dóigh céanna, nuair a bhíonn iontaoibh ag na leanaí as na hoibríthe, is mó an seans go n-inseoidh siad dóibh faoi nithe atá ag cur as dóibh.

#### Duine Ainmnithe a Cheapadh

*Tús Áite do Leanaí: Moltar sna Treoirínte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (An Roinn Sláinte & Leanaí, 1999, Alt 6.7.2) go mbeadh duine ainmnithe i ngach eagraíocht a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí chun idirchaidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí seachtracha. Bheadh an duine seo ar fáil freisin do aon bhall foime nó oibrí deonach a bhfuil imní air/uirthi faoi chúinsí cosanta linbh. Ba chóir dualgas a bheith ar an duine ainmnithe seo tuairisc a thabhairt do na boird sláinte nó don Gharda Síochána faoi aon líomhaintí nó amhras drochúsáide. Is féidir teideal a thabhairt dóibh mar oifigigh cosanta leanaí, oifigigh leanaí nó teideal éigin eile a bheidh oiriúnach.*

#### Ní mór don duine ainmnithe:

- scileanna maíthe éisteachta a bheith aige/aici
- eolas maith a bheith aige/aici ar na nósanna imeachta a bhaineann le drochúsáid leanaí agus le cosaint leanaí
- a bheith in ann rudaí pearsanta a phlé ar bhealach ciúin socair

Ní mór go mbeadh fáil ag gach duine atá bainteach leis an eagraíocht ar na daoine ainmnithe seo, agus caithfear tacaíocht oiliúna agus maoirseachta a thabhairt dóibh. Ní mór do thuairisc an phoist léiriú soiléir a thabhairt ar an dualgas atá ar an duine i leith na n-íospartach, na n-oibríthe deonach, na heagraíochta agus na n-údarás reachtúil. Ní mór na nósanna imeachta a bheidh aontaithe i dtaca leis an tuairisciú a dhéanann agus a fhaigheann an duine ainmnithe, a bheith soiléir agus ar eolas ag gach duine.

**Ná déan dearmad go bhfuil freagracht ar gach oibrí cearta an linbh a chosaint ar na bealaí seo a leanas:**

- Caitheamh leo go díniteach, le híogaireacht agus go measúil
- Am a chur ar fáil chun cluas éisteachta a thabhairt do na leanaí, chun labhairt leo agus aithne a chur orthu
- A chinntiú go bhfuil eolas ag na leanaí faoi rialacha iompraíochta na heagraíochta
- Na leanaí a spreagadh chun ionchur a bheith acu sa dóigh a reachtáiltear an áit
- Cuidiú leis na leanaí a bheith sona sábháilte agus an oiread spraoi a bheith acu agus is féidir
- Gan aon leanbh nó leanaí ar leith a chur chun tosaigh ar an gcuid eile
- Múineadh do na leanaí gur leo féin go hiomlán a gcolainn féin
- Iad a spreagadh chun léiriú oscailte a thabhairt ar na mothúcháin atá acu, ar aon eagla atá orthu agus ar an gcineál saoil atá feicthe acu
- Eolas scríofa faoin eagraíocht a thabhairt do na leanaí agus dá dtuismitheoirí/dá gcúramóirí
- A bheith ar an eolas faoi na prionsabail agus na cleachtais a bhaineann le cosaint leanaí, agus dualgais reachtúla san áireamh
- Gan cluichí gnéasúla a imirt riamh ná aon chaint gháirsiúil a dhéanamh, fiú más le greann é
- Ómós a thabhairt do chearta an linbh ar phríobháideachas sna seomraí folctha agus sna seomraí feistis
- Cinntiú le híogaireacht go bhfuil na leanaí ar an eolas faoin bpolasaí cosanta leanaí
- Gníomhú i gcónaí nuair a fhaightear gearáin nó líomhaintí
- Cuidiú leis na leanaí an difríocht idir iontaofacht agus rúndacht a thuiscint
- Tuisctint a bheith ann go mbíonn cuid de na leanaí níos leochailí ná a chéile agus go mbíonn riachtanais speisialta acu
- Gan pionós fisiciúil a úsáid riamh ar na leanaí

**Cóid iompraíochta idir oibríthe agus leanaí**

Ní mór do gach eagraíocht cóid iompraíochta idir oibríthe agus leanaí a chur i bhfeidhm, chun a chinntiú nach dtarlódh aon mhíthuisctint ná aon deis líomhaintí i leith mí-iompair. Ní mór na treoracha seo a leanas a bheith i gcóid dá leithéidí sin:

- Bíodh na hoibríthe ar an airdeall faoi na rioscaí a bhaineann le spórt teagmhála nó a leithéid de ghníomhaíochtaí eile
- Cé go bhfuil teagmháil chorpartha ceart chun compord agus sólas a thabhairt do leanaí, agus chun cúram a léiriú dóibh, ní ceart go dtarlódh sé ach amháin nuair atá sé inghlactha do gach duine atá i gceist.





- Ní ceart do na hoibrithe pionós fisiciúil a úsáid ar leanaí riamh ná drochíde maslach béil a thabhairt dóibh, agus ní ceadmhach scéalta gáirsiúla grinn a insint i láthair leanaí.
- Ní mór do na hoibrithe a bheith ar an airdeall ar eagla go dtarlódh fabhraíocht i gcás aon linbh, go n-éireofaí rócheanúil air/uirthi nó go mbeadh an iomarca ama á chaitheamh leis/léi.
- Bá chóir na leanaí a spreagadh chun cásanna bullaíochta a thuairisciú do dhuine ainmnithe nó do oibrí a roghnaíonn siad féin. Ní mór an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi aon ghearáin.
- Ba chóir do gach duine san eagraíocht aitheantas a thabhairt do spás pearsanta, do shábháilteacht agus phríobháideachas gach duine ar leith..
- Ní mholtar do oibrithe siob a thabhairt i gcarranna do dhaoine óga aonaracha, go háirithe más turas fada atá i gceist.

Ní mór do na hoibrithe ar fad glacadh leis an gcód seo agus é a bheith ina chuid d'aon oiliúint ionduchtaithe a chuirfidh do eagraíocht ar fáil amach anseo.

#### **Smaoinigh conas a d'fhéadfadh do eagraíocht**

- Bealaí a fháil chun na tuismitheoirí/cúramóirí agus na leanaí araon a bheith páirteach
- Cód iompraíochta a fhorbairt sa chaoi is go mbeidh gach duine ar an eolas faoi na caighdeáin atáthar a iarraidh óna daoine fásta agus ó na leanaí (*Féach Bileog Fíricí 1*)
- Polasaí soiléir smachta a chur i bhfeidhm a bheidh deimhneach agus nach mbeidh foréigneach
- Nósanna soiléire imeachta a chur i bhfeidhm i dtaca le bullaíocht, forrántacht agus iompraíocht  
(*Féach an sampla i mBileog Fíricí 2*)
- Bíodh nósanna imeachta i gcás gearán i bhfeidhm agus glac go tromchúiseach le gearáin ó leanaí agus ó dhaoine fásta
- Seachain aon bhaol claontachta agus bíodh meas ar éagsúlachtaí trí fhorbairt a dhéanamh ar pholasaithe neamh-idirdhealaitheacha i dtaca le reiligiún, cine, aicme, inscne nó ábaltacht
- Bíodh an polasaí cosanta leanaí i bhfeidhm agus é ar taispeánt in áit fheiceálach  
(*Féach sampla de dhoiciméad polasaí i mBileog Fíricí 3*).

## Rannóg a Trí

### Cleachtais Shábháilte Earcaíochta a Fhorbairt

**Cuirtear tús le cleachtas sábháilte trí nósanna imeachta sábháilte i dtaca le hearcaíocht a chur i bhfeidhm, mar atá:**

- Nósanna imeachta cruinne roghnaithe a úsáid i gcónaí, is cuma cé hé/hí an t-iarratasóir
- Oiriúnacht na n-iarratasóirí a mheas i dtaca le raon leathan de chúinsí éagsúla
- Gach céim is féidir a ghlacadh lena chinntiú go gcuirfear as an áireamh na daoine sin nach bhfuil oiriúnach chun oibriú le leanaí
- Oiliúint a chur ar fáil

Formhór na ndaoine a chuireann isteach ar obair le heagraíochtaí pobail nó deonacha, ar bhonn deonach nó ar íocaíocht, is daoine iad a bhfuil suim acu sna tascanna éagsúla atá le déanamh, bíonn aidhmeanna maithe acu agus bíonn siad oiriúnach. Mar sin féin, tá sé an-tábhachtach go dtógfadh eagraíochtaí gach céim atá riachtanach chun a chinntiú nach nglacfar ach le daoine atá oiriúnach. Ach tarlaíonn sé freisin, áfach, go meallann obair den chineál seo daoine a dhéanann drochúsáid ar leanaí mar go dtugann sé deis dóibh a bheith in aice leanaí, agus ní mór é sin a chur san áireamh i gcónaí nuair a bhíonn oibríthe nua á n-earcú.

#### Oibríthe a earcú

Sa rannóg seo tugtar eolas faoin mbealach chun cleachtais shábháilte earcaíochta agus roghnaithe a chur i bhfeidhm. Is féidir leis na nósanna imeachta a bheith éagsúil, ag braith ar riachtanais na n-eagraíochtaí nó na ngrúpaí éagsúla, ach ní mór na bunphrósais seo a leanas a bheith san áireamh:

- Sainiú soiléir ar ról na bhfostaithe nó na n-oibríthe deonach:** Ciallaíonn sin nach mór ról gach oibrí nua a shoiléiriú agus a aontú, agus go gcaithfear a dhéanamh amach go soiléir cé na buncháilíochtaí pearsanta agus cé na bunscoilleana a theastaíonn chun an post a líonadh.
- Foirm iarratais:** Ní mór foirm iarratas a chur ar fáil ina léireofar tuairisc an phoist go soiléir, mar aon le heolas faoin eagraíocht. Ní mór an fhoirm a bheith leagtha amach, chomh maith agus is féidir, chun gach eolas cuí a fháil faoin iarratasóir, ar a n-áirítear a t(h)aithí i mbun oibre le leanaí. *(Féach sampla de Fhoirm Iarratais in Aguisín 5)*
- Dearbhú:** Ba chóir go gcaithfeadh na hiarratasóirí dearbhú a shíniú ag rá nach bhfuil aon chúis ann go mbeidís mí-oiriúnach chun oibriú le daoine óga, agus dearbhú a thabhairt faoi aon chiontuithe seanréacha coiriúla nó faoi aon chásanna atá ar feitheamh ina gcoinne. Ní mór don eagraíocht polasaí soiléir a bheith aici i dtaca leis na gnéithe a chuirfidh iarratasóir as an áireamh. *(Féach an Dearbhúchán samplach in Aguisín 5)*
- Agallamh:** Ba chóir gach iarratasóir a chur faoi agallamh ag painéal ar a mbeidh beirt ionadaithe ar a laghad ón eagraíocht. Ba chóir do na hagallóirí fiosrú a dhéanamh faoin eolas atá tugtha ar an bhfoirm iarratais agus oiriúnacht an iarratasóra don phost a mheas. Maidir leis an eolas a chuireann an t-iarratasóir ar fáil, nó aon eolas eile a chuirtear ar fáil thar a c(h)eann, ní cóir go mbeadh fáil ag aon duine eile ar sin seachas na daoine atá páirteach go díreach sa phróiseas earcaíochta.
- Teistiméireachtaí:** Ní mór do na hiarratasóirí ainm beirte tagraí a thabhairt (nach baill den teaghlach iad) a thabharfaidh teistiméireacht faoin gcarachtar, faoin a n-oiriúnacht do ról fostaí/oibrí deonach, nó aon ghné eile a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar a gcumas chun a ndualgas a chomhlíonadh. Ní mór do thagraí amháin ar a laghad eolas cruinn a bheith aige/aici

faoi aon obair a rinne an t-iarratasóir in éineacht le leanaí roimhe sin. Beidh teistiméireacht inghlactha má léiríonn an tagraí go bhfuil aithne aige/aici ar an té atá i gceist **agus** go measann sé/sí go bhfuil an té sin oiriúnach chun oibriú le daoine óga. Ní mór gach teistiméireacht a fháil i scríbhinn agus iad a dheimhniú ina dhiaidh sin ar an teilleadh, le litir nó le cuairt phearsanta. Is ceart aon eolas breise a chur leis an bhfoirm iarratais.

- (vi) **Aitheantas:** Ní mór don eagraíocht aitheantas an iarratasóra a chinntiú le doiciméid éigin cuí (cárta aitheantais, ceadúnas tiomána nó pas) ar a mbíonn ainm, seoladh agus síniú nó grianghraf den iarratasóir. Ba chóir é sin a chur i gcomparáid leis an iarratas scríofa.

Cé go bhfuil próiseas géar roghnaithe ar cheann de na bealaí is ciallmhaire agus is éifeachtaí chun meastóireacht a dhéanamh ar oiriúnacht duine chun oibriú le leanaí agus go bhfuil a leithéid in ann bac a chur ar dhaoine a mbeadh baol drochúsáide ag dul leo, ceaptar go minic nach bhfuil gá lena leithéid.

*“Ní thagann sé isteach ach maidin amháin gach seachtain”*

*“Ní fhéadfainn na ceisteanna sin a chur orthu agus gan iad ag fáil íocaíocht ar bith”*

*“Ní chuirfeadh sí an oiread sin dá cuid ama ar fáil muna mbeadh dea-chroí aici”*

*“As an gceantar seo na hoibrithe deonacha ar fad”*

*“Tá sé deacair oibrithe deonacha a fháil faoi láthair – ní theastaíonn uaim daoine a chur ó dhoras”*

Ní laghdaíonn an baol go ndéanfaidh oibrithe drochúsáid ar leanaí díreach mar gheall gur oibrithe páirtaimseartha iad nó nach bhfuil aon íocaíocht á fháil acu, nó mar gheall go bhfuil seirbhís á thabhairt acu ar feadh na mblianta, nó fiú mar gheall gur cairde le do chairde iad. Ní mór duit na nósanna imeachta céanna a chur i bhfeidhm go leanúnach i dtaca le foireann atá ar phá nó gan phá, le hoibrithe páirtaimseartha nó lánaimseartha. Cé go gceaptar gur ualach oibre nach bhfuil gá leis atá sa mheastóireacht sin, má chuirtear i bhfeidhm go leanúnach é sna heagraíochtaí ar fad a bhíonn ag oibriú le leanaí, is lú a chuirfidh sé as do na hiarratasóirí fírinneacha sin a bhfuil dea-mhéin acu. Ag an am céanna, d'fhéadfadh sé bac a chur ar dhaoine a mbeadh drochúsáid ar intinn acu, chomh maith le bheith ina chuidiú nuair a bhíonn foireann agus oibrithe deonacha cuí á roghnú.

## Oideachas agus oiliúint

Nuair a ghlactar le hiarratasóir, ní mór an próiseas seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- (i) **Ionduchtú:** Má ghlactar le hiarratasóir tar éis iarratais a dhéanamh agus dul faoi agallamh, ansin ba chóir go gcaithfeadh an té sin dul ar chúrsa ionduchtaithe. Ba chóir don ionduchtú a bheith ina chlár ullmhaithe a thugann deis do na hoibrithe eolas a chur ar an eagraíocht, ar a gcomhghleacaithe, ar a bpost agus ar eagraíochtaí eile atá i mbun oibre den chineál céanna. Ní mór freisin go ndéileálfadh an clár le hionchais, coinníollacha agus nósanna imeachta a bhaineann le smacht, gearáin agus líomhaintí, mar aon le polasáí na heagraíochta i dtaca le cosaint leanaí.
- (ii) **Tréimhse trialach:** Ní mór don cheapachán a bheith bunaithe ar thréimhse sásúil trialach, agus fad na trialach a bheith socraithe ón tús. Tugann sin deis chun meastóireacht a dhéanamh ar oiriúnacht an oibrí nua chun oibriú leis na leanaí agus an dlíseacht atá ag an duine sin do pholasaithe na heagraíochta i dtaca le cleachtais shábháilte.

- (iii) **Taifid:** ní mór taifead a dhéanamh ar na sonraí a bhaineann leis an roghnú agus leis an ionduchtú, mar aon le nótaí a ghlacadh faoi aon ní a thagann chun suntais mar chuid den phróiseas.
- (iv) **Oiliúint bhreise:** Chun ardchaighdeán agus dea-chleachtais a chinntiú, ní mór oiliúint a chur ar fáil ar bhonn leanúnach do gach oibrí (Féach Rannóg a Ceathair).

**Smaoinigh ar bhealaí a bhféadfadh do eagraíocht:**

- Nós imeachta soiléir comhsheasmhach a chur i bhfeidhm i dtaca le foireann nua agus oibrithe deonacha a earcú (*Féach Bileog Fíricí 4*)
- Clár a phleanáil chun foireann nua a ionduchtú agus chun oiliúint leanúnach a chur ar fáil



## Rannóg a Ceathair

### Cleachtais & polasaithe sábháilte bainistíochta a fhorbairt

Má chuirtear i bhfeidhm na nósanna imeachta earcaíochta atá luaite sa rannóg roimhe seo, cuideoidh siad leis na leanaí a choinneáil sábháilte laistigh den eagraíocht, ach ní mór straitéisí eile a chur i bhfeidhm freisin chun aon bhaol dochair dóibh a laghdú an oiread agus is féidir.

#### Ciallaíonn cleachtais shábháilte bainistíochta::

- Dea-chleachtais bhainistíochta
- Maoirseacht a dhéanamh ar leanaí i ngach gníomhaíocht
- A bheith ar an eolas faoin dóigh chun déileáil le smacht agus le hiompraíocht dúshlánach
- Oiliúint a chur ar fáil do na hoibrithe ar fad
- Maoirseacht a dhéanamh ar na hoibrithe agus tacú leo

#### Cleachtais Shábháilte Bhainistíochta

Ní amháin go gcuirfidh cleachtais shábháilte bhainistíochta ar chumas na heagraíochta feidhmiú go fuinniúil agus go héifeachtach, cuideoidh siad freisin chun aon bhaol tairmí nó dochair do na leanaí a laghdú an oiread agus is féidir. Ní miste na pointí seo a leanas a chur san áireamh::

#### Bíodh eolas agaibh ar na leanaí

- Bíodh rialacha sainithe i bhfeidhm san eagraíocht i dtaca le ballraíocht,
- Bíodh córas cláraithe i bhfeidhm do gach leanbh
- Bíodh taifead coinnithe faoi gach leanbh, ina n-áireofar sonraí leighis, aon riachtanas speisialta agus uimhreacha teagmhála teileafóin i gcás éigeandála..

#### Coinnigh cuntas taifeadta ar:

- Tinreamh
- Tairmí – coinnigh leabhar teagmhais (ní mór taifid faoi thairmí a athbhreithniú go rialta agus tuairisc a thabhairt don bhainistíocht faoi aon phatrúin neamhghnácha)
- Foirmeacha toilithe
- Aon ghearán nó casaoid a dhéantar

#### Bíodh eolas agaibh ar na hoibrithe

- Cuir i bhfeidhm na nósanna imeachta a bhaineann le hearcaíocht agus le roghnú, mar atá léirithe i Rannóg a Trí
- Bíodh sceideal oibre ar taispeáint chun go mbeadh a fhios ag gach duine cé atá ar dualgas
- Gníomhaigh nuair a dhéantar aon líomhaintí nó gearáin faoi na hoibrithe
- Cinntigh go mbíonn dóthain oibríthe den dá inscne ar fáil i gcónaí chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí

### Tabhair aird ar chúinsí sláinte agus sábháilteachta agus cinntigh go bhfuil

- Aon fhoirgneamh atá in úsáid sábháilte agus ag cloí leis na caighdeáin atá leagtha síos
- Dóthain teasa agus aerála ar fáil
- Na leithris, na hionaid folctha agus na háiseanna níocháin ar chaighdeáin cuí
- Réamhchúraimí in aghaidh dóiteáin i bhfeidhm
- Soláthar ceart d'áiseanna agus d'fhearas céadchabhrach ar fáil
- Fáil ar theileafón
- Trealamh á sheiceáil go rialta
- Clúdach ceart árachais i bhfeidhm

### Maoirseacht a dhéanamh ar leanaí i ngach gníomhaíocht

Is lú an baol atá ann go dtarlóidh tairmí nó aon dochar eile do leanaí má dheantar maoirseacht cheart orthu. Ní mór gníomhaíochtaí a eagrú chun an buntáiste is fearr a thabhairt dóibh ó thaobh rannpháirtíochta, spraoi agus foghlama de, chomh maith le sábháilteacht .

Mar sin, tá sé tábhachtach go gcinnteofar

- Nach bhfágтар na leanaí gan mhaoirseacht de ghnáth
- Go mbíonn dóthain oibríthe den dá inscne ar fáil chun maoirseacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí
- Go mbíonn a fhios ag na hoibríthe i gcónaí cá bhfuil na leanaí agus cad atá ar siúl acu
- Go mbíonn maoirseacht leanúnach á dhéanamh ag duine fásta ar aon ghníomhaíocht a úsáideann trealamh a d'fhéadfadh a bheith contúirteach
- Nach gceadaítear iompraíocht chontúirteach

Má chaitheann na leanaí fanacht as baile thar oíche le linn gníomhaíochta, ní mór aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas

- Córas sábháilte iompair
- Clúdach cuí árachais chun gach gné den turas a chlúdach
- Cead i scríbhinn a fháil óna tuismitheoirí (i gcás gach turais ar leith)
- Eolas a fháil faoi aon ní a bhféadfadh baint a bheith aige leis an turas thar oíche, ar nós ailléirgí, fadhbanna leighis, nó riachtanais speisialta
- Áiseanna cuí codlata a bheith ar fáil agus maoirseacht cheart déanta orthu
- Aird a dhéanamh do phríobháideachas na leanaí agus na ndaoine óga sna suanliosanna, sna seomraí feistis, sna hionaid folctha agus sna leithris.

### Smacht agus déileáil le hionpraíocht dhúshlánach

Chomh fada agus is féidir ní mór úsáid smachta i leith leanaí a bheith ina atreisiú deimhneach. Ní mór rialacha smachta agus pionóis a bheith comhaontaithe mar chuid de pholasaí na heagraíochta, agus iad a bheith glactha ag gach oibrí agus ag gach leanbh mar choinníoll de bhallaíocht na heagraíochta. Moltar do gach eagraíocht polasaí a fhorbairt i dtaca le bullaíocht, agus é sin a bheith ar eolas ag gach duine agus glactha acu. Ní mór pionóis a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, go cothrom, agus go daingean, agus gan iad a úsáid mar bhagairtí; ní mór cuidiú leis na leanaí a thuiscint cén fáth a bhfuil

siad á gcur i bhfeidhm. Nuair a chuirtear pionós i bhfeidhm, tá sé tábhachtach go dtuigfeadh an leanbh go bhfuil meas air/uirthi i gcónaí.

Amanna, is féidir le leanaí a bheith toirmeascach agus iompraíocht dhúshlánach a bheith acu. Nuair a tharlaíonn sin, d'fheadfaí sábháilteacht an linbh féin a chur i mbaol chomh maith le sábháilteacht na leanaí eile agus na n-oibríthe. Ní mór oiliúint a chur ar na hoibríthe agus iad a ullmhú chun déileáil le hiompraíocht thoirmeascach.

### Moltar

- Go mbeadh níos mó ná oibrí amháin i láthair nuair a bhítear ag déileáil le hiompraíocht dhúshlánach
- Taifead a choinneáil i leabhar teagmhais, ina mbeidh cur síos ar gach ar tharla, na cúinsí a bhain leis, cé a bhí i gceist, mar aon le haon díobháil a rinneadh do dhuine nó do mhaoin agus an dóigh a réitíodh an cás.

### Oiliúint a chur ar fáil do na hoibríthe

Gan dabht, beidh nádúr na hoiliúna ag braith ar an réimse seirbhísí a chuireann an eagraíocht ar fáil, mar aon le riachtanais na foirne agus na n-oibríthe deonach.. D'fhéadfadh seo a bheith san áireamh

- Oiliúint ionduchtaithe (*Féach Rannóg a Trí*)
- Oiliúint do scileanna ar leith, ag dul le nádúr na heagraíochta
- Oiliúint do chosaint leanaí, chun feasacht a fhorbairt agus eolas a chur ar fáil faoi dóigh chun déileáil le hamhras nó le teagmhais dhrochúsáide ar leanaí.

Chun clár éifeachtach cuí oiliúna a fhorbairt ní mór meastóireacht a dhéanamh ar thaitní na n-oibríthe, cé chomh héifeachtach is atá sé do riachtanais na heagraíochta, agus na bearnaí a chaithfear a líonadh a aimsiú. Tá sé de dhualgas ar eagraíochtaí na bearnaí sin a líonadh. Ciallaíonn dea-chleachtas oiliúna go gcoinnítear taifid ar na riachtanais oiliúna, ar an oiliúint atá tugtha agus go nótáiltear sástacht na n-oibríthe leis an oiliúint. Más féidir, b'fhéar go mbeadh duine amháin san eagraíocht freagrach as comhordú na hoiliúna.

### Maoirseacht a dhéanamh ar na hoibríthe agus tacú leo

Dea-chleachtas is ea córas maoirseoireachta a bhunú do na hoibríthe. Is éard atá i gceist leis sin ná go socraítear castáil leis an bhfoireann agus leis na hoibríthe deonacha go rialta, ina nduine agus ina nduine nó ina ngrúpaí beaga, agus go dtugtar deis dóibh ceisteanna a chur, a gcuid fadhbanna oibre a chur in iúl agus moltaí a dhéanamh faoi nithe ba mhaith leo a athrú. Tugann sin deis do na bainisteoirí a mheas cén t-athrú atá le déanamh ar pholasaithe nó ar chleachtais, nó cén oiliúint bhreise a theastaíonn.

Bheadh sé tairbheach cuntas gairid scríofa a choinneáil ar an bplé a dhéantar le linn na maoirseachta. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh córas athbhreithnithe scríofa ann do na hoibríthe chun gur féidir aitheantas a thabhairt dóibh faoin ndea-obair agus cuidiú leo breis forbartha a dhéanamh ar a gcuid scileanna. D'fheadfaí na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- (i) **athbhreithniú tosaigh:** de bhreis ar an athbhreithniú leanúnach, ba chóir athbhreithniú a dhéanamh leath bealaigh tríd an tréimhse agus measúnú a dhéanamh ar an tuiscint atá ag na hoibríthe ar an bpolasaí cosanta leanaí atá i bhfeidhm;

- (ii) **athbhreithniú ag deireadh na tréimhse trialaigh:** chun na hoibrithe a dheimhniú ina bpostana nó síneadh a chur lena dtéarma probhaidh nó a seirbhísí a fhoirceannú. Ní cóir go mbeadh aon chinneadh a dhéantar ag an tráth sin ina ábhar iontais má rinneadh an mhaoirseacht go rialta;
- (iii) **athbhreithniú bliantúil nó ‘measúnú foirne’:** an aidhm atá leis sin ná measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmiúchán i gcoitinne agus deis a thabhairt freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar aon athruithe cuí atá tagtha ar chúinsí pearsanta na n-oibrithe, mar shampla, aon chiontuithe coiriúla atá déanta acu nó aon fhadhbanna sláinte atá tagtha orthu.

Trí dheiseanna maoirseachta agus athbhreithnithe a chur ar fáil tugtar deis na hoibrithe a ghrinniú ag roinnt leibhéal éagsúil. Bíonn sé níos éasca inniúlacht na n-oibrithe i gcomhlíonadh a gcuid tascanna a mheas, agus freisin tugann sé deis breathnú ar fhorbairt an chaidrimh idir na hoibrithe féin, agus idir na hoibrithe agus na leanaí. Dea-chleachtas do bhainisteoirí a bheith ar an eolas faoi dhearcadh na n-oibrithe, agus faoin idirghníomhaíocht a bhíonn acu leis na leanaí agus lena chéile. Ní mór do bhainisteoirí a bheith san airdeall ar aon theagmhais neamhghnácha a tharlaíonn ina bhféadfadh oibrithe a bheith á gcur féin i gcásanna leochaileacha.

Tá traidisiún fada i gcuid de na heagraíochtaí pobail agus deonacha ina gcuireann oibrithe deonacha a gcuid ama pearsanta ar fáil saor in aisce do chlár agus do ghníomhaíochtaí éagsúla. Ag cur san áireamh an ról freagrach a bhíonn ag oibrithe deonacha, tá sé iontach tábhachtach go dtabharfaí tacaíocht don obair a dhéanann siad le daoine óga.

#### Smaoinigh conas a d’fhéadfadh do eagraíocht

- Córas cláraithe agus taifead a chur i bhfeidhm
- Cód ‘sábháilteachta’ a chur i bhfeidhm i dtaca le maoirseacht, le foirgnimh agus trealamh, agus le cuairteanna thar oíche
- Cód smachta a fhorbairt agus a chur ar taispeáint
- Clár oiliúna leanúnach a chur i bhfeidhm
- Córas maoirseachta a bhunú

#### ‘Pribhléid Cháilithe’

Cé nach mbaineann an chosaint dhlíthiúil atá san Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998, ach do thuairiscí a thugtar do “dhaoine cuí” a shonraítear in Acht 1998 mar oifigeach ainmnithe boird sláinte nó mar bhall den Gharda Síochána, ní chuireann Acht 1998 aon athrú ar an scéal i dtaca le pribhléid cháilithe an dlí choitinn atá fós i bhfeidhm mar a bhí go dtí seo. Dá thoradh sin, sa chás is go ndéanfadh ball de eagraíocht caidreamh bona fide faoi amhras mí-úsáide ar leanbh leis an Duine Teagmhála Ainmnithe atá ag an eagraíocht sin, nó le CEO na heagraíochta, is iondúil go nglacfaí leis an go bhfuil pribhléid cháilithe ag eolas den sórt sin faoin dlí coiteann. D’fhéadfadh eolas a thabharfadh leanbh faoi mhí-úsáid a bheith ina chuid den chaidreamh sin.

Bíonn feidhm le pribhléid cháilithe nuair a bhíonn dualgas nó cúram cosanta an linbh ar an té atá ag tabhairt an eolais agus nuair a dhéantar an caidreamh le duine a bhfuil dualgas nó cúram den chineál céanna air/uirthe. Ghlacfaí leis go mbeadh an té a thabharfadh an tuairisc don Duine Teagmhála Aitheanta ag gníomhú ar mhaithe leis an leanbh agus i dtabhairt na tuairisce go mbeadh an duine sin ag gníomhú amhlaidh. Is féidir an pribhléid a chur ar fionraí nuair a chruthaítear gur ag gníomhú go mailíseach a bhí an té a thug an tuairisc.





## Rannóg a Cúig

### Aird a tharraingt ar dhrochúsáid leanaí

#### Ciallaíonn aird a tharraingt ar dhrochúsáid leanaí go gcinntítear go bhfuil gach duine san eagraíocht

- soiléir faoin gciall atá le drochúsáid
- in ann é a aithint agus déileáil leis
- ar an eolas faoin saghas duine atá in ann drochúsáid a dhéanamh ar leanaí
- ar an eolas faoi na céimeanna atá le tógáil chun amhras faoi dhrochúsáid a thuairisciú

Ciallaíonn dea-chleachtas cosanta leanaí go gcinntítear go bhfuil oibríthe ar an eolas faoin dóigh le drochúsáid leanaí a aithint. Ní chiallaíonn sin gur orthu atá an fhreagracht faoi chinneadh a dhéanamh faoin ar dearmadh nó nár dearmadh drochúsáid – bíonn sin deacair ar an saineolaí, fiú – ach tá freagracht orthu a bheith san airdeall ar iompraíocht linbh nó oibrí a thabharfadh le fios go bhfuil rud éigin as alt.

#### Cad is drochúsáid leanaí ann?

Ní mór do gach oibrí a thuiscint go dtarlaíonn drochúsáid leanaí go bunúsach, nuair a dhéantar díobháil don leanbh de thoradh iompraíochta dhuine éigin a bhfuil níos mó cumhachta aige/aici ná mar atá ag an leanbh. De bhrí gur féidir drochúsáid a dhéanamh ar leanaí ar roinnt bealaí, amanna ag an am céanna, ní bhíonn sé furasta é a rangú i gcónaí, ach is féidir ceithre shainmhíniú leathana a thabhairt faoin teidil achoimríthe seo: siléig, drochúsáid mhothúchánach, drochúsáid fhisiciúil agus drochúsáid ghnéasach. Tá sainmhínte sonracha faoi dhrochúsáid le fáil in **Tús Áite do Leanaí** agus ba chóir do na hoibríthe go léir iad a léamh go cúramach agus iad a thuiscint.

#### Leanaí atá an-leochaileach i dtaca le drochúsáid

I gcásanna áirithe bíonn leanaí an-leochaileach i dtaca le drochúsáid. Áirithe orthu sin tá leanaí a bhíonn scartha, ar feadh tréimhsí fada nó gearra, óna dtuismitheoirí nó ó bhaill eile den teaghlach rud a chiallaíonn go mbíonn siad ag braith ar dhaoine fásta eile chun cúram agus cosaint a fháil uathu. D'fhéadfadh leanaí a bhfuil míchumas orthu a bheith go mór i mbaol freisin, mar de bharr a míchumas d'fhéadfadh deacrachtaí caidrimh, idir iad féin agus daoine eile amanna, agus iad ag braith níos mó ná páistí eile ar dhaoine fásta éagsúla chun cuidiú leo, mar shampla chun cúram agus córas iompair a fháil.

D'fhéadfadh gurb iad na cineálacha céanna drochúsáide atá i gceist – siléig, drochúsáid mhothúchánach, drochúsáid fhisiciúil, drochúsáid ghnéasach – ach cuma beagán difriúil a bheith orthu. Mar shampla, d'fhéadfadh go dtugtar drochúsáid trí cheart bunúsacha a cheilt ar an duine, nó go ngeartar pionóis throma air/uirthi, nó go mbaintear an iomarca úsáide as míochnú nó as srianta fisiciúla.

#### Cineálacha eile iompraíochta atá maslach

Taobh amuigh de na cineálacha tromchúiseacha drochúsáide atá luaite thuas, ní mór do na hoibríthe a bheith san airdeall freisin ar chineálacha eile iompraíochta a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do leanaí. D'fhéadfadh an iompraíocht sin tarlú in aon áit. Ní mór déileáil láithreach le teagmhais den chineál sin agus gan cur suas leo ar aon chúis. Seo a leanas cineálacha iompraíochta nach bhfuil inghlactha ag oibríthe ná ag leanaí:

### Drochúsáid béil

Áirithe leis sin tá glaoch ainmneacha, searbas agus lochtú, tagairt do ghné fisiciúil éigin, léirmheastóireacht neamhchuiditheach, tagairtí agus gothaí dímheasúla.

### Bullaíocht.

Bullaíocht is ea ionsaí leanúnach, bíodh sin i bhfoirm briathrach, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine amháin nó grúpa in aghaidh daoine eile. Samplaí de bhullaíocht is ea spochadh, tarcaisniú, bagairt, bualadh nó sracaireacht.

### Iompraíocht ghránna

Samplaí de sin is ea fabhraíocht, eisiamh, gnéaschiapadh agus claontagairt ghnéasach, daoine eile a uirslíú agus a náiriú, séanadh ar chearta bunúsacha agus pionóis throma a ghearradh.

### Cé a dhéanann drochúsáid ar leanaí?

Ní mór cuimhniú go bhfuil raon daoine ann a d'fhéadfadh drochúsáid a dhéanamh ar leanaí, daoine atá i rólanna iontaobhais san áireamh. Níl a fhios ag aon duine go cinnte cén fáth a ndéanann daoine drochúsáid ar leanaí. Amanna tarlaíonn sé de bharr drochbhail a cuireadh ar na díbleoirí féin, nó mar gheall nach bhfuil eolas ceart acu faoin dóigh le haire a thabhairt do leanaí nó nach féidir leo aire cheart a thabhairt dóibh go rialta. Cé nach iad is cúis leis go díreach, is minic go mbíonn gaol idir drochúsáid leanaí agus bochtanas nó fadhbanna sóisialta eile ar nós andúil nó foréigean teaghlach, agus amanna tarlaíonn sé de bharr struis. Rud difriúil is ea drochúsáid ghnéasach, ina mbíonn pleanáil chúramach, ionramháil ar leanaí agus ionramháil ar chásanna i gceist formhór an ama.

#### Smaoinigh ar an méid seo:

- Breathnaíonn díbleoirí cosúil le haon duine eile – ní bheidh a fhios agat le breathnú orthu
- Bíonn gach saghas cúlra ag daoine a dhéanann drochúsáid ar leanaí
- Amanna déanann strainséirí drochúsáid ar leanaí, ach is minicí gur duine éigin atá ar aithne ag an leanbh a bhíonn i gceist, duine a bhfuil ceannas údaráis nó iontaobhais aige/aici ar an leanbh
- Is féidir le leanaí eile agus le daoine óga drochúsáid a thabhairt do leanaí

### Amhras faoi dhrochúsáid leanaí

Tá dhá chomhthéacs ann ina bhféadfadh oibrithe in eagraíochtaí pobail nó deonacha a theacht ar dhrochúsáid leanaí nó ar amhras faoi dhrochúsáid

- cásanna ina léirítear go bhfuil díobháil nó baol díobhála i gceist i gcás linbh nó duine óg laistigh den teaghlach nó sa bhaile
- cásanna ina bhfeictear iompraíocht mhaslach ag oibrí nó go gcuirtear líomhaintí faoi dhrochúsáid leanaí i leith oibrí laistigh den eagraíocht.



Amanna tabharfaidh leanaí eolas faoi rún go bhfuil díobháil á dhéanamh dóibh, agus amanna eile feicfidh daoine cásanna ina dtugtar le fios go bhfuil díobháil á dhéanamh do leanaí. Is minic, áfach, go gcaithfear braith ar chomharthaí – cuid acu a bhíonn soiléir go maith, ar nós easpa cothaithe, easpa éadaí oiriúnach, easpa cúraim agus maoirseachta cuí, gortuithe, eolas neamhghnách ar ghnéas i bhfianaise aois an linbh, nó a bheith ag éalú ar fán. Ní bhíonn cuid eile acu chomh soiléir céanna, áfach, ach gur féidir iad a shonrú in iompraíocht an linbh nó sa chineál caidrimh a bhíonn aige/aici le daoine fásta. Ní mór iad sin a mheas i gcomhthéacs na ngnéithe eile de chás an linbh agus ní mór aird a thabhairt ar chúiseanna eile a d'fhéadfadh a bheith leis an scéal. Ach sin ráite, ní mór tús áit a thabhairt i gcónaí do sábháilteacht an linbh, thar aon ní eile.

Ní bhíonn sé éasca glacadh leis i gcónaí go bhfuil siléig nó díobháil á dhéanamh ar leanbh in aon turas. Is deacair a shamhlú i gcás tuismitheoirí, a bhfuil grá acu dá leanaí de réir cosúlachta, nó oibríthe díograiseacha atá ina gcomhghleacaithe agus ina gcairde agat, go bhféadfaidís díobháil a dhéanamh do na leanaí atá faoin a gcúram. Ar an drochuair, má bhíonn deacracht againn drochamhras a chaitheamh ar dhaoine, nó mura mbíonn eolas agus tuiscint againn ar dhrochúsáid, d'fhéadfadh fadhb a bheith againn cloisint faoi, é a aithint, nó déileáil leis.

#### **Is annamh a thuairiscíonn leanaí go bhfuil drochúsáid á dhéanamh orthu, ar roinnt cúiseanna:**

- B'fhéidir gur tugadh breab dóibh nó gur deineadh dúmhál orthu gan é a insint
- D'fhéadfadh eagla a bheith orthu roimh an té atá á ndrochúsáid
- D'fhéadfadh eagla a bheith orthu go gcuirfear milleán nó pionós orthu, nó go gcaithfear amach as an eagraíocht iad
- D'fhéadfadh eagla a bheith orthu go dtarraingeofaí trioblóid ar an tá atá á ndrochúsáid
- B'fhéidir nach bhfuil tuiscint iomlán ar a bhfuil ag tarlú ag leanaí a bhfuil míchumas foghlama orthu

I gcás leanaí a bhfuil drochúsáid á thabhairt dóibh, is minic a bhraitheann siad go ndearna siad iarracht é a insint do dhuine éigin eile – ní mór a chur san áireamh go mbíonn bealaí éagsúla acu chun eolas a thabhairt agus ní mór do na hoibríthe a bheith ar an airdeall agus cuiditheach faoi sin.

#### **Céimeanna chun drochúsáid leanaí a aithint**

Tagann drochúsáid leanaí chun suntais nuair a insíonn an leanbh do dhuine éigin faoi, nó de bhrí go bhfeiceann duine éigin é ag tarlú. Ach ní mar sin a tharlaíonn i gcónaí, agus is minic gur amhlaidh a théann duine atá míshuaimhneach agus imníoch faoi leanbh sa tóir ar bhreis eolais. Go hachomair, tá trí chéim ann le drochúsáid leanaí a aithint go dtí an stáid ina mbíonn a fhios ag an oibrí cad is ceart a dhéanamh faoi. Is iad sin:

- 1) **Smaoineamh go bhféadfadh sé a bheith ag tarlú** – má bhíonn marc, ballbhrú nó gortú ar an leanbh nach féidir a mhíniú go réasúnta, nó má tá iompar neamhghnách ag an leanbh, nó más cosúil go bhfuil sé/sí faiteach nó imníoch nuair a bhíonn aon duine in aice leis/léi.
- 2) **A bheith san airdeall ar chomharthaí** – is mó an seans go bhfuil drochúsáid i gceist má bhíonn roinnt comharthaí ann seachas aon chomhartha amháin. Amanna tabharfaidh leanaí leid duit nó déarfaidh siad go neamhbhalbh leat go bhfuil drochúsáid á thabhairt dóibh – ní mór cluas éisteachta a thabhairt do thuairiscí mar sin i gcónaí agus glacadh le firinne an scéil i dtús báire (féach thíos do threoracha chuige sin).

- 3) **An t-eolas a thaifeadadh** – ní mór aon ní a thugtar faoi deara maidir le drochúsáid leanaí a thaifeadadh, mar aon le dátaí, amanna agus aon eolas ábhartha eile faoin teagmhas nó faoin iompraíocht.

Is minic gur deacair drochúsáid a aithint agus is iomaí cineál de atá ann. Ní mór do oibríthe a bheith ar a n-airdeall go leanúnach ar eagla go mbeadh drochúsáid ag tarlú. Ní mór a thuiscint, áfach, nach leor comhartha amháin ann féin mar fhianaise ghlan go bhfuil drochúsáid ag tarlú, mar d'fhéadfadh míniú eile a bheith leis. Má bhíonn amhras ar oibríthe go bhfuil drochúsáid ag tarlú ní mór dóibh dul i gcomhairle leis na rannóga cuí de **Tús Áite do Leanaí**.

### Ag déileáil le drochúsáid leanaí

Má thugann leanbh leid nó má insíonn sé/sí do oibrí go bhfuil drochúsáid á thabhairt dó/di, ní mór an cás a láimhsiú le híogaireacht, agus ar an dóigh seo a leanas:

- Coinnigh an cloigeann agus éist – tabhair am don leanbh a bhfuil le rá aige/aici a insint
- Ná cuir treoircheistean, ná hiarr treoirshonraí, agus ná déan moltaí
- Ná cuir stop leis an leanbh a bheith ag athchuidíocht ar imeachtaí suntasacha, ach ná hiarr air/uirthe an scéal a athinsint gan ghá ach an oiread
- Cuir an leanbh ar a s(h)uaimhneas, ach ná tabhair aon ghealltanais go gcoinneofar an scéal faoi rún
- Mínigh cad é an chéad rud eile atá le déanamh
- Déan taifeadadh ar an bplé chomh cruinn agus is féidir

Ansin ní mór an t-eolas a chur ar aghaidh de réir pholasáí cosanta leanaí na heagraíochta (*Féach Rannóg a Sé chun eolas beacht a fháil faoi sin*).

### Cé chomh hamhrasach is ceart do na hoibríthe a bheith?

Is minic gur deacair le hoibríthe a chreidiúint go dtarlódh drochúsáid leanaí laistigh de eagraíochtaí atá in ainm is a bheith ag tabhairt aire do leanaí, ach léiríonn na fíricí go dtarlaíonn sé. Is féidir le drochúsáid tarlú nuair a bhíonn eagraíochtaí 'míshláintiúil' – má bhíonn fadhbanna i measc na foirne nó má bhíonn níos lú tacaíochta á fháil ag na hoibríthe ná mar is cóir. Is féidir leis tarlú freisin nuair a fhorbraíonn caidrimh 'éascaíochta' nó socruithe mar sin a bheith ann cheana féin i measc na foirne, nó má bhíonn oibríú na seirbhíse dírithe i dtreo éascaíochta na foirne seachas riachtanais na leanaí. Sin an fáth go bhfuil sé chomh tábhachtach go gcuirfí i bhfeidhm na cleachtais shábháilteachta atá léirithe i Rannóg a Ceathair, ach ní mór a thuiscint go bhféadfadh drochúsáid tarlú in eagraíochtaí 'sláintiúla' freisin.

Cé gur tubaisteach an scéal é, is fíor go mbíonn tóir ag daoine atá claonta don dhrochúsáid ghnéasach ar eagraíochtaí a oibríonn le leanaí. Cé gur féidir le nósanna maithe imeachta i dtaca le hearcaíocht agus le roghnú nithe mar sin a chosc (mar atá léirithe i Rannóg a Trí), ní féidir leo é a chosc go hiomlán agus ní mór do oibríthe a thuiscint gur féidir le drochúsáid leanaí tarlú.

Cé go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh oibríthe ar a n-airdeall do chomharthaí drochúsáide leanaí, tá sé tábhachtach freisin nach gcothófaí timpeallacht ina bhfuil gach duine imníoch agus amhrasach an t-am ar fad. Rial maith ginearálta do gach oibrí is ea labhairt le duine éigin má thagann imní orthu faoi shábháilteacht nó faoi leas linbh. An bealach is fearr do eagraíochtaí a theacht ar chóras cothrom ná oiliúint a chur ar fáil chun eolas a thabhairt do na hoibríthe faoin mbrí atá le drochúsáid leanaí agus an toradh a bhíonn air, agus struchtúir tacaíochta a chur ar fáil chun déileáil le hamhras agus le himní (*Féach Rannóg a Sé*). Tabharfaidh sin misneach dóibh chun déileáil go héifeachtach le cásanna agus cuideoidh sé leo déileáil leis an imní a d'fhéadfadh a bheith orthu féin.

Faoi na gairmeoirí is ceart breith an cháis a fhágáil – ar tugadh nó nár tugadh aon mhí-úsáid. Beidh a fhios ag na saineolaithe atá i bhfeighil chosaint leanaí cé na nósanna imeachta is ceart a leanacht. Ní mór cuimhniú i gcónaí gur ról tacaíochta agus nach ról fiosrúcháin atá ag na hoibríthe in eagraíochtaí ar nós do cheann féin. I Rannóg a Sé pléitear na sonraí a bhaineann leis an am agus an áit is ceart amhras a thuairisciú.

Ar deireadh thiar, chun a bheith ar an eolas i gcónaí faoi na nithe a gcaithfear na leanaí a chosaint uathu, ní mór ionchais na leanaí a chur san áireamh mar aon leis an tuiscint atá acu ar a gcearta. Bíonn tionchar ar dhearcadh na leanaí ag an gcineál iompraíochta a bhfuil glacadh leis mórthimpeall orthu.

#### **Smaoinigh conas a d'fhéadfadh do eagraíocht**

- Na hoibríthe, na leanaí agus na teaghlaigh a chur ar an eolas faoi dhrochúsáid leanaí agus faoi na nithe is ceart a bheith airdeallach fúthu má bhíonn imní orthu (*Féach Bileog Fíricí 5*)
- Bunaigh struchtúr do na hoibríthe chun deis a thabhairt dóibh a n-imní a phlé
- Leag amach agus scaip do pholasaí cosanta leanaí

## Rannóg a Sé

### Déileáil le taismí agus le gearáin, nó le líomhaintí nó amhras faoi dhrochúsáid leanaí

#### Chun a chinntiú go ndéileálfar go tapa le gearáin agus le líomhaintí ní mór:

- Nósanna imeachta a fhorbairt chun déileáil le taismí nó gearáin
- Nósanna imeachta, bunaithe ar *Tús Áite do Leanáí* agus mar chuid den pholasaí cosanta leanaí, a chur i bhfeidhm i dtaca le tuairiscí faoi amhras drochúsáide

#### Ní mór do na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun déileáil le taismí nó gearáin iad seo a chinntiú:

- Go mbíonn uimhreacha éigeandála ar taispeáint go follasach
- Go bhfuil a fhios ag gach duine cá bhfuil an fón is gaire
- Go bhfuil duine éigin eolach agus/nó oilte ar fáil chun déileáil le teagmhais leighis nó timpiste a d'fhéadfadh tarlú
- Go bhfuil bosca garchabhrach in áit ar féidir a theacht air go héasca
- Go bhfuil foirmeacha teagmhais nó tuairisce ar fáil
- Go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm do leanaí agus do thuismitheoirí chun gearáin oifigiúla a dhéanamh
- Go bhfuil a fhios ag na hoibrithe cén t-eolas a bheidh ag teastáil

#### Ní mór do nósanna imeachta chun déileáil le hamhras faoi dhrochúsáid leanaí a chinntiú:

- Go bhfuil córas bunaithe chun déileáil le hamhras nó le cásanna drochúsáide leanaí, duine ainmnithe san áireamh
- Go bhfuil tuiscint ag na hoibrithe ar an dualgas atá orthu tús áite a thabhairt do shábháilteacht agus do leas na leanaí thar aon ní eile
- Go bhfuil a fhios ag na hoibrithe cén áit is ceart a n-amhras nó a bhfianaise a thuairisciú
- Go dtuigeann na hoibrithe go bhfuil cosaint acu faoin Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanáí, 1998
- Go bhfuil eolas maith ag na hoibrithe faoi na nósanna reachtúla imeachta a bhaineann le cosaint leanaí agus an ról atá acu féin sa phróiseas
- Go bhfuil tuiscint mhaith ag na hoibrithe faoin méid rúndachta atá ceadaithe agus na srianta atá leis sin

#### An dualgas atá orthu amhras nó cásanna drochúsáide a thuairisciú

An chéad dualgas atá ar an té a dtagann amhras air/uirthi faoi dhrochúsáid nó a n-insítear dó/di faoi dhrochúsáid, ná an scéal a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar leis an scéal go dáiríre. Seo achoimre ar na bunphrionsabail a bhaineann le tuairisciú ar dhrochúsáid:



- ní mór tús áite a thabhairt do shábháilteacht agus do leas an linbh nó an duine óig.
- ní mór an scéal a thuairisciú gan mhoill
- ní mór prionsabail an cheartais aiceanta a bheith i bhfeidhm, is é sin go bhfuil duine neamhchiontach nó go gcruthaítear a mhalairt
- ní mór prionsabail na rúndachta a chur i bhfeidhm, agus gan eolas a thabhairt faoin amhras/líomhain/tuairisc drochúsáide ach amháin do na daoine riachtanacha agus ba chóir líon na ndaoine riachtanacha a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

**Tugann An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanáí, 1998** díolúine ó dhliteanas sibhialta do dhaoine a thuairiscíonn drochúsáid leanáí “go réasúnach agus de mheoin macánta” don Bhord Sláinte nó don Gharda Síochána. Ciallaíonn sin, fiú muna mbeadh aon bhunús leis an amhras faoi dhrochúsáid a tuairiscíodh, go gcaithfeadh an gearánaí a bheadh ag tógáil an cháis a chruthú nár ghníomhaigh an tuairisceoir go réasúnach agus de mheoin macánta nuair a tugadh an tuairisc. Tá réimse leathan de fhoireann altráíochta, leighis, pharamhíochaine agus eile, ceaptha ag Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na mBord Sláinte mar oifigigh ainmnithe chun críocha an Achte sin, agus is chucu sin ba chóir eolas a chur i dtaca le drochúsáid leanáí (féach leathanach 40 de *Tús Áite do Leanáí*).

#### **Na céimeanna atá le glacadh ag oibrí a bhfuil eolas aige/aici nó amhras air/uirthi faoi dhrochúsáid leanáí**

Má tá eolas ag oibrí nó má tá amhras air/uirthi go raibh nó go bhfuil díobháil á dhéanamh do dhuine óg, tá dualgas ar an té sin an imní a chur in iúl don duine atá ainmnithe san eagraíocht agus cuirfidh an duine sin an t-eolas chuig an mbord sláinte. Ansin, rachaidh an bord sláinte i dteagmháil leis an nGarda Síochána. I gcás éigeandála, ní mór an tuairisc a chur díreach chuig an nGarda Síochána.

Más fostaí de chuid na heagraíochta/an ghrúpa an duine a bhfuiltear in amhras faoi/fúithi ní mór an t-eolas a chur faoi bhráid an CEO nó a chomhionann de dhuine sinsearach san eagraíocht. Nuair a bhíonn teagmháil déanta leis an duine ainmnithe/CEO ní mór don té sin an t-eolas a chur ar aghaidh chuig an mbord sláinte chomh luath agus is féidir, agus rachaidh an bord i dteagmháil leis an nGarda Síochána ina dhiaidh sin. Sa chás sin, ní mór don eagraíocht a bheith cúramach go gcoinneofar chomh híseal agus is féidir líon na ndaoine a gcaithfear dul i dteagmháil leo.

Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh gach duine san eagraíocht nach bhfuil aon fhreagracht ar an gcéad duine a fuair eolas faoi na líomhaintí nó faoin amhras drochúsáide i dtaca leis an mbreith a dhéanfar faoin ar dearnadh nó nár dearnadh drochúsáid. Faoin mbord sláinte nó faoin nGarda Síochána atá sé sin. Ní ceart riamh do aon bhall aonarach foime ná do aon oibrí deonach ná don eagraíocht féin iarracht a dhéanamh déileáil leis an bhfadhb dhrochúsáide astu féin.

#### **Na céimeanna atá le glacadh ag an oifigeach ainmnithe**

Nuair a fhaigheann an t-oifigeach ainmnithe in eagraíocht tuairisc faoi amhras drochúsáide nó faoi chás drochúsáide, ní mór don té sin a mheas an bhfuil dóthain fianaise ar fáil chun é a thuairisciú don bhord sláinte. B'fhéidir go gcuideodh sé dá bpléif an cás le gairmeoir, ar nós Oibrí Sóisialta, Altraí Sláinte Poiblí nó an fhoireann in Ionad Sláinte, a d'fhéadfadh cabhair a thabhairt chun a bhreithniú ar cheart tuairisc oifigiúil faoi imní a chur chuig an mbord sláinte. Seo samplaí a bheadh ina gcúiseanna réasúnacha imní agus ba chóir iad a thuairisciú:

- léiriú sonrach ón leanbh gur tugadh drochúsáid dó/di;
- cuntas ó dhuine a chonaic an leanbh ag fáil drochúsáide;
- fianaise, ar nós gortú nó iompraíocht, a thabharfadh le fios gur tugadh drochúsáide agus gur caolseans go raibh cúis eile leis;
- gortú nó iompraíocht a d'fhéadfadh tarlú de bharr drochúsáide ach go bhféadfadh míniú neamhurchóideach eile a bheith leis freisin, cé go bhfuil comharthaí eile ann a thabharfadh le fios gur cás drochúsáide atá i gceist. Samplaí de sin is ea patrún gortuithe, míniú nach bhfuil inghlactha, comharthaí eile drochúsáide, iompraíocht mhífheidhmiúil;
- comharthaí leanúnacha, thar thréimhse ama, go bhfuil siléig mhothúchánach nó chorpartha á dhéanamh ar an leanbh.

D'fhéadfadh go gciallódh sin:

- Gur gá an cás a shoiléiriú nó breis eolais a fháil faoi;
- Má bhíonn amhras nó éiginnteacht ann, nach mór dul i gcomhairle ar dtús le gníomhaireacht reachtúil cosanta leanaí chun a ndearcadh a fháil faoin scéal;
- Nach mór an cás a chur ar aghaidh go hoifigiúil chuig gníomhaireacht reachtúil cosanta leanaí nó chuig an nGarda Síochána

Más amhras atá i gceist, agus gan aon chomhartha sonrach drochúsáide nó siléig ag dul leis, ní bheadh sin mar amhras réasúnach ná mar chúis réasúnach imní.

Ba chóir don eagraíocht an t-amhras sin a thaifead nó a nótaíl go himmheánach, áfach, mar dá mbeadh tuilleadh amhrais ann ina dhiaidh sin d'fhéadfaí a shocrú gur chóir é a thuairisciú agus d'fhéadfadh an t-amhras roimhe sin eolas tábhachtach a thabhairt don ghníomhaireacht reachtúil cosanta leanaí nó don Gharda Síochána

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh oibríthe eolas a fháil faoi dhaoine fásta nach bhfuil san eagraíocht chéanna leo, ach a bhfuil teagmháil acu le leanaí trí eagraíochtaí eile. Tá sé tábhachtach go gcuirfí na heagraíochtaí sin ar an eolas faoi imní dá leithéid. Beidh eolas le fáil ó na gníomhaireachtaí reachtúla faoin dóigh is ceart é sin a láimhsiú.

#### Seo moltaí atá ag Tús Áite do Leanáí:

- Má chinneann an duine ainmnithe, thar cheann na heagraíochta, nach bhfuil fianaise réasúnach ann chun an cás nó an t-amhras a thuairisciú don bhord sláinte nó don Gharda Síochána, ***ní mór ráiteas i scríbhinn a thabhairt don oibrí a chuir an tuairisc ar aghaidh agus na cúiseanna nár ghníomhaigh an eagraíocht a léiriú.***
- Má tá an t-oibrí fós inmíoch faoin gcás ba chóir é/í a chur ar an eolas go bhfuil cead iomlán aige/aici dul i gcomhairle le, nó tuairisc a chur chuig an mbord sláinte nó chuig an nGarda Síochána é/í féin. Tá feidhm leis na forálacha atá san Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanáí, 1998 má thugtar an tuairisc 'go réasúnach agus de mheoin macánta'.



### Nós caighdeánach imeachta i dtaca le tuairisciú

Seo a leanas an nós imeachta atá molta ag **Tús Áite do Leanaí** nuair a bhíonn fianaise réasúnach ann chun amhras nó cás drochúsáide a thuairisciú

- Ní mór an tuairisc a thabhairt don bhord sláinte go pearsanta, ar an teileafón nó i scríbhinn. Is féidir tuairiscí a thabhairt don Bhainisteoir Chúram Leanaí nó go díreach don oibrí sóisialta. Bíonn oibrí sóisialta ar dualgas ag gach bord sláinte ar feadh roinnt uaireanta an chloig gach lá. Bíonn an t-oibrí sóisialta atá ar dualgas ar fáil chun castáil le, nó chun labhairt ar an teileafón leo sin atá ag iarraidh imní faoi chosaint leanaí a thuairisciú. (Tá liosta de uimhreacha teagmhála in Aguisín a Ceathair).
- Tá sé níos éifeachtaí go rachadh an duine atá ag tuairisciú imní faoi dhrochúsáid leanaí i dteagmháil go pearsanta leis an oibrí sóisialta atá ar dualgas. Cuideoidh sin leis an oibrí sóisialta an oiread eolais agus is féidir a bhailiú faoin leanbh agus faoina c(h)ás. Más duine eile a dhéanfaidh an tuairisciú, duine ainmnithe mar shampla, is dóichí ná a mhalairt go mbeidh an t-oibrí sóisialta ag iarraidh labhairt leis an duine a chonaic an beart ar dtús.
- I gcás éigeandála, nó mura mbíonn foireann an bhoird sláinte ar fáil, ní mór tuairisc a thabhairt don Gharda Síochána. Is féidir sin a dhéanamh ag aon stáisiún Gardaí.

Ní ceart riamh duine óg a fhágáil i gcás dainséarach fad atáthar ag fanacht leis an mbord sláinte an cás a fhiosrú.

### Eolas a theastaíonn nuair a bhíonn cás á thuairisciú:

Braithfidh éifeachtúlacht fiosrúcháin an bhoird sláinte agus/nó an Gharda Síochána, i dtaca le hamhras nó líomhaintí drochúsáide, ar mhéid agus ar chaighdeán an eolais a bheidh le fáil acu ón duine atá ag tuairisciú a n-imní. Bá chóir **Foirm Chaighdeánach Thuairisce** a bheith ag gach eagraíocht, bunaithe ar an sampla atá in *Tús Áite do Leanaí (Féach Aguisín a Dó)*.

Má tá gairmeoir amhrasach go bhfuil drochúsáid á thabhairt do leanaí agus an scéal le tuairisciú don bhord sláinte nó don Gharda Síochána, ní mór é sin a chur in iúl do na tuismitheoirí/cúramóirí mura bhfuil baol ann go gcuirfean an leanbh i mbaol dá thoradh nó go gcuirfean as don fhiosrúchán. Féadfar treoir a fháil ón mbord sláinte nó ón nGarda Síochána faoin dóigh chun é sin a dhéanamh

### Cad a tharlaíonn ansin?

Tá sé úsáideach go mbeadh a fhios ag oibrithe cad a tharlaíonn nuair a fhaigheann an bord sláinte tuairisc, le go mbeidh siad in ann tacú agus cuidiú leis an leanbh agus leis an teaghlach le linn an fhiosrúcháin, agus eolas a thabhairt don bhord sláinte nó don Gharda Síochána más gá sin don fhiosrúchán. Tá achoimre le fáil in Aguisín a Trí den phróiseas a úsáideann na boird sláinte agus an Garda Síochána.

## Rúndacht

Coinneofar faoi rún aon eolas a thabharfar don bhord sláinte agus don Gharda Síochána. Tá sé mar pholasaí oifigiúil ag aon dream a fhaigheann eolas dá leithéid gan an t-eolas sin a ligean muna bhfuil sé riachtanach do leas an linbh agus an uair sin féin ní thabharfar amach é ach ar bhonn riachtanais dóibh sin a bhfuil gá dleathach acu leis. Ní thabharfar na sonraí ach do na daoine cuí laistigh den tseirbhís reachtúil a bhfuil sé de dhualgas orthu an cás a bhrú chun cinn.

Fiosrófar tuairiscí a thugtar gan ainm don bhord sláinte (nuair nach dtugann an tuairisceoir a (h)ainm). Ní mór smaoineamh, áfach, go mbíonn sé níos deacra ar na gairmeoirí an cás a fhiosrú nó a mheas mura dtugtar ainm.

Amanna cuidíonn sé le daoine a smaointe a shoiléiriú sula dtugann siad tuairisc oifigiúil. Bealach amháin chun é sin a dhéanamh ná labhairt le maoirseoir nó glaoch a chur ar an mbord sláinte nó ar an nGarda Síochána. Ní mór a bheith aireach nuair a dhéantar é sin, áfach. Tá sé tábhachtach go mbeadh sé soiléir sa ghlaoh gur comhairle atá á lorg agus nach tuairisc oifigiúil atáthar a thabhairt Ní móide go dtabharfaí aon eolas aitheantais faoin teaghlach ná faoin leanbh ag an tráth sin. Ach má bhraitheann an té atá ag fáil an eolais go bhfuil cúis mhaith ann a bheith imníoch go bhfuil dochar á dhéanamh, nó go bhféadfaí dochar a dhéanamh, don leanbh, iarrfaidh sé/sí eolas aitheantais ar mhaithe leis an leanbh. Cé gur féidir le cásanna den tsórt sin a bheith aimhréiteach, ní mór smaoineamh i gcónaí ar an mbunphrionsabail go gcaithfear tús áite a thabhairt do chosaint agus do leas an linbh.

### **Smaoinigh conas a d'fhéadfadh do eagraíocht**

- Córás a chur i bhfeidhm chun déileáil le gearáin nó le tairmí
- Duine ainmnithe a cheapadh chun aire a thabhairt do chúrsaí cosanta leanaí agus a chinntiú go bhfuil a fhios ag gach duine eile cé atá ainmnithe
- A dheimhniú go bhfuil do pholasaí cosanta leanaí ar taispeáint agus curtha i bhfeidhm, agus go bhfuil duine ainmnithe ar fáil chun tuairiscí a ghlacadh faoi líomhaintí i leith drochúsáid leanaí
- Nós caighdeánach imeachta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun líomhaintí a thuairisciú, bunaithe ar *Tús Áite do Leanaí (féach Aguisín 1 & 2)*
- Bileog eolais a chur ar fáil do na hoibrithe, do na leanaí agus do na tuismitheoirí chun a mhíniú cad a tharlaíonn ag gach céim den phróiseas, bunaithe ar an eolas atá curtha ar fáil in Aguisín 3



## Rannóg a Seacht

### An rud atá le déanamh nuair a dhéantar líomhain in aghaidh oibrí de chuid na heagraíochta

Má dhéantar líomhain in aghaidh oibrí san eagraíocht, ní mór duit a chinntiú go ndéileáitar mar is ceart le gach duine atá páirteach ann. Ciallaíonn sin nach mór a chinntiú go leanfar dhá nós imeachta éagsúla:

- an nós imeachta a bhaineann le tuairisciú faoin leanbh;
- an nós imeachta chun déileáil leis an oibrí

Ní mór do gach eagraíocht nósanna imeachtaí aontaithe a bheith acu chun déileáil le cásanna ina ndéantar líomhaintí faoi dhrochúsáid leanaí in aghaidh oibrí. Nuair a tharlaíonn a leithéid, tá dhá dhualgas éagsúla ar an eagraíocht, ceann don leanbh agus ceann don oibrí. Tá na treoirlínte seo á dtairiscint chun cuidiú le bainisteoirí aird chuí a thabhairt ar chearta agus ar leas an linbh ar thaobh amháin, agus orthu sin atá ag an té a bhfuil líomhaintí déanta ina (h)aghaidh ar an taobh eile. Ní mór don fhostóir aon bheart cosanta a bhfuil gá leis a dhéanamh ar bhonn práinne chun a chinntiú nach gcuirfear aon leanbh i mbaol gan gá.

Moltar i gcoitinne nach mbeadh an duine céanna freagrach as tuairiscí agus freagrach as na gnéithe a bhaineann le fostaíocht/conarthaí. Is fearr go scarfaí an dá ghné sin óna chéile agus iad a bhainistiú go neamhspleách.

D'fhéadfaí líomhaintí earráideacha nó mailíseacha a dhéanamh i leith oibríthe. Mar sin, ní mór tabhairt le hógairacht faoi aon líomhaintí a bhaineann le drochúsáid, tacaíocht a chur ar fáil don fhoireann, agus comhairle a thabhairt más gá. Is minic gur deacair le hoibríthe a chreidiúint go bhfuil díobháil déanta do leanbh ag duine dá gcomhghuaillithe, go háirithe más cara leo an té sin. Mar sin, is baolach go bhféadfadh oibríthe eile dul i gcomhpháirteachas go neamhchomhfhiosach nó go neamhfheasach leis an té a bhfuiltear in amhras faoi/fúithi agus ní mór é sin a chur san áireamh. Ar an gcuntar sin, ní mór don Gharda Síochána agus don fhoireann shinsearach laistigh den eagraíocht a theacht ar aontú faoin straitéis fiosrúcháin a bheidh acu agus fanacht i dteagmháil lena chéile.

Tá feidhm leis na forálacha atá san Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998 i gcás eagraíochtaí freisin, ach an tuairisciú a bheith 'go réasúnach agus de mheoin macánta'. Caithfear cuimhniú gurb é cosaint an linbh an príomhchuspóir ach go gcaithfear caitheamh go cóir leis an oibrí freisin.

Chomh maith leis an dualgas tuairiscithe a bhaineann leis an líomhain, tá roinnt gnéithe eile a mbeidh tionchar acu ar an eagraíocht agus ní mór iad a mheas:

- an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar bhaill eile den fhoireann san eagraíocht, ar a n-áirítear fearg, díchreideamh, amhras, eagla, ciontacht, alltacht, imní agus mearbhall
- an tionchar a bheidh ar an té a bhfuil amhras ina leith, de thoradh nósanna imeachta inmheánacha smachta na heagraíochta féin, an fiosrúchán cosanta leanaí agus an fiosrúchán cóiriúil
- an dearcadh a bheidh ag baill eile foirne agus ag oibríthe deonacha, agus ag na leanaí eile ar an leanbh ar tugadh drochúsáid dó/di nó a bhfuil fiosrú á dhéanamh faoin a líomhaintí
- an glacadh a bheidh ag tuismitheoirí/cúramóirí an linbh agus ag baill eile den teaghlach leis an scéal

Tá sé forthábhachtach go mbeadh smaoineamh agus plé cuimsitheach déanta, chomh meáite agus is féidir, leis an bhfoireann agus leis na hoibrithe deonacha faoin rud a d'fhéadfadh tarlú agus an tionchar a bheidh aige ar dhaoine sa chás is go ndéanfar líomhaintí faoi dhrochúsáid nó faoi amhras drochúsáide. D'fhéadfaí sin a dhéanamh le linn oiliúna nó athbhreithnithe. Trí phlé ceart a dhéanamh faoi na nithe sin tabharfar misneach do gach duine le díriú ar an gcás má tharlaíonn sé, mar beidh sé casta go háirithe más ball foirne a bheidh i gceist sna líomhaintí.

### **Treoracha don tuairisciú**

Ní mór do gach eagraíocht a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí nósanna imeachta soiléire a bheith acu i scríbhinn, ag léiriú cad atá le déanamh má chuirtear líomhaintí drochúsáide i leith oibríthe agus ní mór a chinntiú go bhfuil a fhios ag na leanaí agus ag na hoibrithe araon cé na céimeanna atá le glacadh má theastaíonn uathu amhras faoi dhrochúsáid a thuairisciú. Ba chóir go mbeadh a fhios ag na hoibrithe freisin cad iad na húdaráis chuí le tuairisc a chur chucu taobh amuigh den eagraíocht, sa chás is go bhfuil aon saghas bac orthu an cás a thuairisciú go himmheánach nó má tá siad míshásta leis an méid atá á dhéanamh go himmheánach. Le linn oiliúna agus maoirseachta, ní mór béim a chur ar an ngá atá le haireachas ar eagla drochúsáide ó oibríthe an gá atá le tuairisciú faoi imní dá leithéid.

### **Dualgas an fhostaí tuairisciú chuig na húdaráis reachtúla:**

Nuair a fhaigheann fostóir eolas faoi líomhaintí drochúsáide in aghaidh oibrí ní mór cloí láithreach leis an nós caighdeánach imeachta a bhaineann le líomhaintí a thuairisciú don bhord sláinte. Aon ghníomhaíocht a dhéantar chun líomhaintí faoi dhrochúsáid leanaí a thuairisciú, bíodh sé bunaithe ar thuairim réasúnach a tugadh de dheoin macánta. Nuair a fhaightear líomhain ní mór é a mheas go pras agus go cúramach. Caithfear cinneadh a dhéanamh an ceart tuairisc oifigiúil a chur chuig an mbord sláinte agus ní mór don chinneadh sin a bheith bunaithe ar chúis réasúnach imní.

### **Dualgas na bhfostóirí i leith na n-oibríthe**

Nuair a fhaigheann fostóir líomhain faoi dhrochúsáid linbh nó leanaí i gcoinne fostaí le linn don té sin a bheith i bhfeighil a d(h)ualgas, ní mór don fhostóir na nithe seo a leanas a chur in iúl don fhostaí sin go príobháideach:

- go bhfuil líomhain déanta ina c(h)oinne;
- an cineál líomhaine atá déanta.

Ní mór deis a thabhairt don fhostaí freagra a thabhairt. Ní mór don fhostóir an freagra sin a nótaíl agus an t-eolas a chur ar aghaidh nuair a bheidh tuairisc oifigiúil á thabhairt don bhord sláinte.

### **Nósanna imeachta chun déileáil le fostaithe agus an dualgas cúraim leanaí atá ar an bhfostóir:**

Nuair a dhéantar líomhain in aghaidh fostaí, ní mór na céimeanna seo a leanas a ghlacadh:

- Caithfear leanacht do na nósanna imeachta atá aontaithe, don chonradh fostaíochta atá i gceist agus do na rialacha a bhaineann le ceartas aiceanta
- Ní mór an Cathaoirleach (nó ceannasaí dá leithéid san eagraíocht) a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir.

- An chéad dualgas ná a chinntiú nach gcuirtear aon leanbh i mbaol gan gá. Ní mór don fhostóir aon bheart cosanta a bhfuil gá leis a dhéanamh ar bhonn práinne. Ní mór do na bearta sin a bheith i gcomhréir le leibhéal an bhaoil agus ní ceart go gcuirfí pionós míréasúnta ar an oibrí, ó thaobh íocaíochta de ná eile, muna bhfuil gá leis chun na leanaí a chosaint. Sa chás is go gcuireann bearta cosanta, fionraíocht mar shampla, pionós ar an oibrí tá sé tábhachtach go ndéileálfai leis an gcás gan mhoill.
- Aon ghníomhaíocht a dhéantar tar éis líomhaintí faoi dhrochúsáid a fháil in aghaidh oibrí, ní mór é a dhéanamh i gcomhar leis an mbord sláinte agus leis an nGarda Síochána. Ní mór cruinniú a shocrú láithreach chuige sin leis an dá ghníomhaireacht atá luaite.
- Tar éis na gcruinnithe thuasluaite agus nuair a bheidh todhchaí fostaíochta an oibrí á mheas, ní mór don Chathaoirleach (nó ceannasaí dá leithéid san eagraíocht) comhairle a chur ar an té atá cúisithe agus cloí leis na nósanna imeachta atá aontaithe.
- Ní mór do na fostóirí/bainisteoirí a chinntiú nach gcuirfidh a ngníomhaíochtaí as do aon fhiosrúchán atá á dhéanamh ag an mbord sláinte nó ag an nGarda Síochána. Moltar go láidir go mbeadh dlúthcheangal idir na fostóirí agus na húdaráis sin chun an méid sin a chinntiú.

Beidh cásanna ann ina bhfaighfear amach nach bhfuil bunús ar bith leis an amhras ná leis na líomhaintí. Tá sé an-tábhachtach go dtuigfeadh gach duine san eagraíocht nach bhfuil aon rud as an mbealach déanta acu má léiríonn siad imní ach go bhfaightear amach tríd an bpróiseas fiosraithe nach bhfuil aon bhunús leis an imní sin. Ní mór gníomhaíocht fhreagrach a spreagadh agus tacaíocht a léiriú do dhaoine a chuireann eolas ar fáil.

### Ionchais na mbord sláinte

Molann *Tús Áite do Leanáí* go mbeadh socruithe déanta ag na boird sláinte chun aiseolas a thabhairt do fhostaithe/do dhaoine i gceannas maidir leis an dul chun cinn atáthar a dhéanamh i bhfiosrúchán faoi líomhaintí drochúsáide leanaí in aghaidh fostaí. Déanfaidh na boird sláinte iarracht fiosrúchán faoi líomhaintí in aghaidh fostaíthe a dhéanamh go pras agus an measúnú a chur i gcrích chomh tapa agus is féidir, ag cur san áireamh na himpleachtaí tromchúiseacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist do fhostaí bheadh neamhchiontach. Is ceart toradh an fhiosrúcháin a chur in iúl do na fostóirí/daoine i gceannas.

#### Smaoinigh conas a d'fhéadfadh do eagraíocht

- Polasaí a chur le chéile chun déileáil le líomhaintí in aghaidh oibríthe
- A chinntiú go gcaitear go cóir le gach duine nuair a dhéantar líomhain

## Rannóg a hOcht

### Nascanna a Dhéanamh

#### Is éard is brí le nascanna a dhéanamh ná:

- Feidhmiú chun ról a thabhairt do thuismitheoirí san eagraíocht
- Comhoibriú le gníomhaireachtaí eile má léirítear imní faoi chosaint leanaí
- Nascadh le chéile chun cleachtas níos fearr a bhaint amach

#### Páirtíocht a bheith ag na tuismitheoirí

Is é an príomhdhualgas atá ar thuismitheoir ná aire a thabhairt dá leanaí, agus níos mó eolais ná aon dream eile a bheith acu ar phearsantachtaí a leanaí, ar a mbeatha, na nithe is maith leo agus nach maith leo, agus aon ní ar leith atá speisialta nó uathúil fúthu. An bealach is fearr a chinntiú go sásófar riachtanas na leanaí ná oibriú an oiread agus is féidir leis na daoine sin a thugann aire dóibh sa bhaile. Ar a laghad, bíodh fáil ag an eagraíocht ar sheoltaí agus uimhreacha teagmhála teileafóin do thuismitheoirí/chúramóirí na leanaí atá san eagraíocht, agus

- Spreag iad chun fanacht i dteagmháil leis na hoibrithe
- Tabhair cuireadh dóibh páirt a ghlacadh sna himeachtaí laethúla nuair is féidir
- Tabhair cuireadh dóibh a bheith ar an mbord bainistíochta, má tá a leithéid ann
- Spreag iad chun tuairimí agus moltaí a thabhairt agus cuir iad sin san áireamh
- Tabhair aitheantas do chearta rúndachta an tuismitheora/an chúramóra
- Bíodh nuachtlitir ar fáil chun eolas a thabhairt dóibh faoi gach ní a tharlaíonn san eagraíocht mar aon le haon athrú ar na nósanna imeachta a bhféadfadh tionchar a bheith acu orthu.
- Cuir oibrithe nua in aithne dóibh
- Cuir ar an eolas iad faoi aon teagmhas nó gortú a tharlaíonn dá leanaí
- Faigh cead i gcónaí ó thuismitheoir/cúramóir sula ligtear leanbh isteach san eagraíocht nó sula nglacann sé/sí páirt in imeachtaí. Ní mór cead ar leith a fháil do ghníomhaíochtaí speisialta ar nósampaí, turais thar oíche nó turais lasmuigh.
- Cinntigh go bhfuil siad ar an eolas faoi pholasaithe na heagraíochta, an polasaí cosanta leanaí san áireamh.
- Déileáil lena ngearáin trí nósanna cuí imeachta

Beidh sé i bhfad níos éasca oibriú leis na tuismitheoirí i gcás aon líomhaintí nó teagmhais a d'fhéadfadh tarlú más rud é go bhfuil caidreamh maith cothaithe.

#### An gá atá le comhoibriú leanúnach idir eagraíochtaí/grúpaí agus na húdaráis reachtúla má thagann cás faoi chosaint leanaí chun cinn

Ar an mbord sláinte atá an fhreagracht iomlán faoi mheasúnú agus faoi bhainistiú a dhéanamh ar chásanna a bhaineann le cosaint leanaí agus is ar an nGarda Síochána atá an fhreagracht chun cionta líomhanta a fhiosrú. Ach is féidir le gach duine atá bainteach leis an leanbh cabhair a thabhairt chun sábháilteacht agus leas an duine óig a chinntiú san am atá le theacht. Tá sé riachtanach mar sin, go mbeadh freagra comhordaithe ar fáil ó gach duine atá bainteach leis an duine óig a mheastar a bheith i mbaol.

### Beidh comhoibriú éifeachtach idir ghníomhaireachtaí ag braith orthu seo

- tuiscint agus glacadh a bheith ag na gairmeoirí go léir agus ag gach duine atá ag oibriú le leanaí agus le daoine óga faoi na dualgais atá orthu agus faoi na rólanna atá acu chun leas na leanaí a chur chun cinn
- muinín a bheith acu as a chéile agus eolas á roinnt acu
- meas a bheith ag daoine ar an méid a dhéanann gach duine eile, beag beann ar a stádas ná ar a gcéim laistigh de na heagraíochtaí/grúpaí
- oiliúint a bheith i gcomhpháirtíocht idir na húdaráis reachtúla um chosaint leanaí agus na heagraíochtaí deonacha

Má chinneann an bord sláinte nó an Garda Síochána fiosrú a dhéanamh faoi thuairisc ó eagraíocht dheonach nó phobail, is maith an seans go mbeidh oibrí sóisialta ag iarraidh labhairt leis an gcéad duine a chonaic an teagmhas drochúsáide nó a léirigh imní faoi dhuine óg. Is dócha freisin go mbeidh an Garda Síochána ag iarraidh ráiteas finné a fháil ón duine a rinne tuairisciú ar an gcás sa chead áit.

Tá sé tábhachtach go mbeadh an comhoibriú céanna idir na gníomhaireachtaí agus na gairmeoirí sa chuid deiridh den obair chosanta leanaí is a bhí ag an tús. Ní mór go mbeadh teagmháil leanúnach idir na daoine ar fad atá ag oibriú le leanbh nó le duine óg atá i mbaol, agus aon eolas ábhartha a chur ar fáil don phríomhoibrí - oibrí sóisialta an bhoird sláinte go hiondúil.

### Comhdhálacha agus athbhreithnithe a bhaineann le cosaint leanaí

D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do oibríthe in eagraíochtaí pobail agus deonacha chun páirt a ghlacadh i gcruinnithe faoi chosaint leanaí a bheadh eagraithe ag an mbord sláinte le plé a dhéanamh faoi chásanna leanaí ar leith atá tuairiscithe dóibh, agus chun bearta a eagrú a thabharfadh cosaint dóibh amach anseo. Tá dhá chineál cruinnithe ann a bhféadfaí cuireadh a thabhairt do oibríthe chucu, comhdhálacha faoi chosaint leanaí agus athbhreithnithe faoi chosaint leanaí.

Is éard is *Comhdháil Faoi Chosaint Leanai* ann ná cruinniú a eagraíonn Bainisteoir Chúram leanaí i gceantar de chuid an bhoird sláinte tar éis réamhfhiosrúcháin faoi chás a bhaineann le cúram linbh. Fóram atá ann le comhordú a dhéanamh ar an eolas as gach foinse cuí, agus nuair atá sé oiriúnach bíonn oibríthe deonacha nó fostaithe as eagraíochtaí pobail agus deonacha san áireamh. Is iad na príomhthascanna atá aige, mar a léirítear in *Tús Áite do Leanai*, ná:

- deis a thabhairt chun eolas a roinnt agus a mheas i measc na ngairmeoirí agus na gcúramóirí
- léiriú a thabhairt ar an bplean cosanta leanaí atá le cur i gcrích tar éis measúnú cuimsitheach a dhéanamh
- léiriú a thabhairt ar na tascanna éagsúla atá le déanamh ag na gairmeoirí éagsúla

An Bainisteoir Chúram Leanai a ghairmíonn *Athbhreithniú ar Chosaint Leanai* gach sé mhí nó mar sin nuair a bhíonn leanbh, ar tuairiscíodh don bhord sláinte gur tugadh drochúsáid dó/dí nó atá i mbaol drochúsáide, fós ina c(h)ónaí lena t(h)uismitheoirí/c(h)úramóirí agus go meastar é/í a bheith fós i mbaol. An príomhdhualgas atá ar an gcruinniú sin ná athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean cosanta don leanbh.

Tá sé leagtha síos in *Tús Áite do Leanaí* go gcaithfear tuismitheoir/cúramóirí an linbh a áireamh sna comhdhálacha agus sna hathbheithithe faoi chosaint leanaí muna léirítear cúis shonrach gur ceart iad a choinneáil amach, agus gur féidir cuireadh a thabhairt do leanaí a bheith i láthair má bhíonn sin oiriúnach. Tá sé leagtha síos in *Tús Áite do Leanaí* go gcaithfear a insint do ghairmeoirí i gcónaí nuair a bheidh tuismitheoirí/cúramóirí agus/nó leanaí le theacht i láthair ag na comhdhálacha agus na hathbheithithe faoi chosaint leanaí. Molann *Tús Áite do Leanaí* gur chóir do gach ball pearsanra a bheidh ag comhdhálacha agus/nó athbheithithe faoi chosaint leanaí, tuairisc scríofa a thabhairt don Bhainisteoir Chúram Leanaí. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin bprótacal a bhaineann le comhdhálacha faoi chosaint leanaí, féach Aguisín a Sé de *Tús Áite do Leanaí* (Ich. 149).

### Nascadh

Eagraíochtaí beaga is ea cuid acu sin a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí, agus is beag teagmhála a bhíonn acu le heagrais eile, ná leis an mbord sláinte ná leis an nGarda Síochána. Ciallaíonn sin go bhféadfadh a lán oibre agus dúshlán mór a bheith i gceist le drochúsáide a aithint agus a thuairisciú. Tá gréasán de ghairmeoirí chosaint leanaí ar fáil i ngach ceantar, geall leis – gníomhaireachtaí deonacha, nó altraí sláinte poiblí agus oibríthe sóisialta an bhoird sláinte. Is mór an chabhair a bheith nasctha leo sin ar bhonn oifigiúil nó neamhoifigiúil – a bheith páirteach in imeachtaí leo, ar nós seisiúin oiliúna faoi chosaint leanaí, comhdhálacha, nó a bheith páirteach leo i nuachtlitreacha. Má bhíonn caidreamh mar sin ann, cuidíonn sé i gcás is go dtarlaíonn géarchéim nuair a bheidh comhairle agus tacaíocht ag teastáil ó oibríthe. Seo cuid de na cleachtais a n-oirfeadh comhnascadh dóibh:

- Dáiliúchán ar eolaire de bhaill phearsanra idir-ghníomhaireachtaí, a bheadh le leasú go bliantúil ar a laghad
- Dáiliúchán ar bhileoga eolais faoi eagraíochtaí aonarach, ina mbeadh a ráiteas misin, a gcaighdeán agus a bpolasaithe
- Treoirínte faoi chosaint leanaí a scaipeadh ar na gníomhaireachtaí cuí ar fad atá sa réigiún
- Nósanna imeachta idir-ghníomhaireachtaí a shoiléiríonn cad atá gach gníomhaireacht a iarraidh ar a foireann a dhéanamh agus iad ag obair le gníomhaireachtaí eile, agus a shoiléiríonn freisin an méid is ceart dóibh a fháil ar ais óna ghníomhaireachtaí eile más féidir
- Cuireadh a thabhairt do bhaill ó ghníomhaireachtaí éagsúla chuig imeachtaí ábhartha.

### Smaoinigh ar bhealaí a bhféadfadh do eagraíocht

- Bileoga eolais a chur ar fáil faoi do eagraíocht féin, an polasaí cosanta leanaí san áireamh
- Nuachtlitir a chur ar fáil le scaipeadh ar na tuismitheoirí agus ar na heagraíochtaí áitiúla
- Foirmeacha caighdeánacha toilithe a bheith ar fáil do thuismitheoirí le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla
- Gréasáin áitiúla a eagrú leis na gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha atá ag dul do chúram agus do leas leanaí
- Cuireadh a thabhairt do eagraíochtaí eile páirt a ghlacadh in oiliúint don chosaint leanaí



## Aguisín 1

### Nós caighdeánach imeachta i dtaca le tuairisciú

Tús Áite do Leanaí: Moltar sna Treoirínte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (*An Roinn Sláinte & Leanaí, 1999*) go leanfaí don nós imeachta seo a leanas nuair a bhíonn fianaise réasúnach ar fáil le tuairisc a thabhairt faoi dhrochúsáid leanaí nó faoi amhras drochúsáide

- Ní mór an tuairisc a thabhairt don bhord sláinte go pearsanta, ar an teileafón nó i scríbhinn. Is féidir tuairiscí a thabhairt don Bhainisteoir Chúram Leanaí nó go díreach don oibrí sóisialta. Bíonn oibrí sóisialta ar dualgas ag gach bord sláinte ar feadh roinnt uaireanta an chloig gach lá. Bíonn an t-oibrí sóisialta atá ar dualgas ar fáil chun castáil, nó chun labhairt ar an teileafón, leo sin atá ag iarraidh imní faoi chosaint leanaí a thuairisciú. (*Tá liosta de uimhreacha teagmhála in Aguisín a Ceathair*)
- Tá sé níos éifeachtaí go rachadh an duine atá ag tuairisciú imní faoi dhrochúsáid leanaí i dteagmháil go pearsanta leis an oibrí sóisialta atá ar dualgas. Cuideoidh sin leis an oibrí sóisialta an oiread eolais agus is féidir a bhailiú faoin leanbh agus faoina c(h)ás. Más duine eile a dhéanfaidh an tuairisciú, oifigeach cosanta leanaí mar shampla, is dóichí ná a mhalairt go mbeidh an t-oibrí sóisialta ag iarraidh labhairt leis an gcéad duine a chonaic an beart, a fuair an fhaisnéis, nó a léirigh a (h)imní.
- I gcás éigeandála, nó muna mbíonn foireann an bhoird sláinte ar fáil, ba chóir an tuairisc a thabhairt don Gharda Síochána. Is féidir sin a dhéanamh ag aon stáisiún Gardáí.

Ní ceart riamh duine óg a fhágáil i gcás dainséarach fad atáthar ag fanacht leis an mbord sláinte an cás a fhiosrú.

## Aguisín 2

# Polasaithe cosanta leanaí na mBord Sláinte agus An Gharda Síochána

### Réamhrá

Tá prótacal aontaithe ag na boird sláinte agus ag an nGarda Síochána lena chéile a choinneáil ar an eolas faoi na tuairiscí ar fad a thugtar dóibh i dtaca le líomhaintí faoi dhrochúsáid leanaí, agus tá iallach ar an dá thaobh réamh-mheasúnú/réamhfhiosrúchán a dhéanamh i gcomhar lena chéile. Fiosrófar tuairiscí a thugtar gan ainm, ach léireofar do na tuairisceoirí go gcuirfidh an rúndacht sin bac mór ar chumas na ngairmeoirí idirghabháil a dhéanamh chun an leanbh a chosaint.

***Ní mór a thuiscint go mbeidh cumas an bhoird sláinte agus an Gharda Síochána chun déileáil le tuairiscí faoi amhrais dhrochúsáid leanaí ag braith ar chaighdeán agus ar mhéid an eolais a thuiriscítear dóibh.***

### Beart éigeandála chun leanbh a chosaint

Tar éis tuairisc a fháil faoi amhras drochúsáid leanaí, má tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil díobháil déanta don leanbh nó go bhfuil sé/sí i mbaol díobhála faoi láthair, rachaidh an bord sláinte nó an Garda Síochána i mbun gnímh ar bhonn éigeandála. Mar chuid de sin, d'fhéadfadh scrúdú leighis a bheith i gceist, agus/nó an leanbh a aistriú chuig ionad sábháilte ar nós áras altrama, nó teach daoine muinteartha Is féidir an idirghabháil seo a dhéanamh go deonach, le cead na dtuismitheoirí/na gcúramóirí, nó trí feidhm a bhaint as Ordú Éigeandála Cúraim faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991.

### Measúnú agus fiosrú

Nuair is cosúil nach léiríonn an díobháil nó an baol atá léirithe go bhfuil gá le gníomhú éigeandála, déanfar an measúnú/fiosrúchán chomh tapa agus is féidir, ar bhealach comhordaithe, agus i gcomhar le haon ghairmeoirí eile atá gafa leis an leanbh agus leis na tuismitheoirí/cúramóirí. Ciallaíonn sin, agallaimh a chur ar an leanbh agus ar na tuismitheoirí/cúramóirí, agus d'fheadfaí an cás a chur faoi bhráid na seirbhísí leighis nó seirbhísí speisialtóirí chun measúnú níos sonraí a fháil. Ullmhóidh an Garda Síochána comhad le cur chuig an Stiúirthóir Ionchúisimh Poiblí más gá.

### Fógra don bhainisteoir chúram leanaí

Is éard atá san CPNS ná taifead a dhéanann an bord sláinte ar gach leanbh ina bhfuil cás cosanta leanaí i gceist leis/léi, tar éis réamh-mheasúnú a dhéanamh ar an scéal. Cuirtear fógra ar dtús chuig an mBainisteoir Chúram Leanaí ó bhall foirne an bhoird sláinte a rinne an chéad mheasúnú ar an gcás cosanta leanaí. Cinnteoidh an Bainisteoir Chúram Leanaí go ndéanfar athbhreithniú ar gach tuairisc a thugtar i dtús ama agus ag tréimhsí sé mhí ina dhiaidh sin nó go ndéanfar an cinneadh deiridh agus go mbeidh idirghabháil aontaithe curtha i bhfeidhm.

### Cruinnithe faoi chosaint leanaí

Is féidir leis an mbord sláinte trí chineál cruinnithe faoi chosaint leanaí a eagrú le linn bainistiú a bheith á dhéanamh ar chás

- (i) D'fheadfaí **cruinniú straitéise** a ghairm ag tús an mheasúnaithe faoi chosaint leanaí, nuair atá an chuma ar an scéal go bhfuil an leanbh i mbaol mór agus cosaint ag teastáil uaidh/uaithí láithreach, nó ag aon phointe den mheasúnú nuair a mheastar a leithéid a bheith oiriúnach. Is iondúil gur baill foirne de chuid an bhoird sláinte agus baill den Gharda Síochána a bheidh ag an gcruinniú seo ach d'fheadfadh aon chuid nó an t-iomlán de na gairmeoirí atá gafa leis an gcás a bheith i gceist. An bhunaidhm atá leis ná eolas a roinnt agus straitéis a phleanáil le hidirghabháil a dhéanamh go pras agus chun measúnú breise a dhéanamh.

- (ii) D'fhéadfaí **comhdháil faoi chosaint leanaí** a eagrú nuair a bheadh na réamhfhiosrúcháin déanta agus aon ghníomhaíochtaí éigeandála a raibh gá leo curtha i bhfeidhm. Orthu sin a bhíonn páirteach sa chomhdháil bíonn na gairmeoirí ar fad atá gafa leis an gcás. Ba chóir cuireadh a thabhairt don leanbh (nuair atá sé oiriúnach) agus do thuismitheoirí/cúramóirí an linbh muna léirítear cúis shonrach gur cheart iad a fhágáil ar lár. An aidhm atá leis seo ná an t-eolas ar fad atá ar fáil a chur le chéile, plean cosanta don leanbh a dhréachtú, agus léiriú a thabhairt ar na tascanna atá le déanamh ag na gairmeoirí éagsúla. Ní mór do na gairmeoirí ar fad a dtugtar cuireadh dóibh a theacht chuig an gcomhdháil faoi chosaint leanaí, agus tuairiscí a chur ar fáil i scríbhinn roimh ré don Chathaoirleach – an bainisteoir chúram leanaí de ghnáth. Tar éis na comhdhála faoi chosaint leanaí cuirfear bailchríoch ar an measúnú cuimsitheach agus ar an bplean cosanta don leanbh.
- (iii) Eagraítear **athbhreithnithe faoi chosaint leanaí** ag tréimhsí sé mhí nuair a bhíonn ainm linbh ar an CPNE, é/í fós ina c(h)ónaí lena t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí agus an tuairim ann go bhfuil sé/sí fós i mbaol. Ní mór don ghrúpa láir gairmeoirí atá gafa leis an gcás a bheith ag na hathbhreitheanna faoi chosaint leanaí, agus ba chóir do gach duine acu sin tuairisc a chur ar fáil i scríbhinn roimh ré. Ba chóir cuireadh a thabhairt don leanbh (nuair atá sé oiriúnach) agus do thuismitheoirí/cúramóirí an linbh muna léirítear cúis shonrach gur cheart iad a fhágáil ar lár. Is é an aidhm atá ag an athbhreithniú ar chosaint leanaí ná cás reatha an linbh a mheas, comhordú a dhéanamh ar dhearcadh na ndaoine atá páirteach ann agus leasú a dhéanamh ar phlean cosanta an linbh.

## Aguisín 3

### Seoltaí bhainisteoirí chúram leanaí na mBord Sláinte

#### Údarás Sláinte Réigiún an Oirthir

##### Bainisteoir chúram leanaí an cheantair

<i>Ceantar an Chúraim Pobail</i>	<i>Seoladh</i>	<i>Uimh. Theileafóin</i>	<i>Facs</i>
Ceantar 1	Bóthar Tivoli, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath	01 - 284 3579	01 - 280 8785
Ceantar 2	Halla Vergemount, Baile Átha Cliath 6	01 - 269 8222	01 - 283 0002
Ceantar 3	The Malting Business Park, 54/55 Marrowbone Lane, Baile Átha Cliath 8	01 - 454 4733	01 - 454 4827
Ceantar 4	Old County Road, Cromghlinn, Baile Átha Cliath 12	01 - 415 4700	01 - 415 4701
Ceantar 5	The Lodge, Cherry Orchard, Baile Formaid, Baile Átha Cliath 10.	01 - 626 8101	01 - 626 8281
Ceantar 6	Bóthar Rath an Dúin, Baile Átha Cliath 7.	01 - 838 5034	01 - 854 136
Ceantar 7	Baile Formaid, Baile Átha Cliath 15.	01 - 857 5431	01 - 857 5449
Ceantar 8	Bóthar Chaisleán Chroim, Baile Átha Cliath 5.	01 - 847 6122	01 - 847 9944
Ceantar 9	Poplar House, Poplar Square, An Nás, Co. Chill Dara.	045 - 876 001	045 - 879 225
Ceantar 10	Glenside Road, Cill Mhantáin	0404 - 68400	0404 - 69044

#### Bord Sláinte Lár Tíre

##### Bainisteoir chúram leanaí an cheantair

<i>Ceantar an Chúraim Pobail</i>	<i>Seoladh</i>	<i>Uimh. Theileafóin</i>	<i>Facs</i>
Longfort/ An Iarmhí	An tIonad Leighis, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí	044 - 40221	044 - 39170
Laois/Uíbh Fhailí	An tIonad Leighis, An Tulach Mór, Co. Uíbh Fhailí.	0506 - 41301	0506 - 21136

#### Bord Sláinte an Iarthair Láir

##### Bainisteoir chúram leanaí an cheantair

<i>Ceantar an Chúraim Pobail</i>	<i>Seoladh</i>	<i>Uimh. Theileafóin</i>	<i>Facs</i>
Luimneach	Seirbhísí Gairmoiliúna, Tuar an Daill, Luimneach.	061 - 482792	061 - 482471
An Clár	Tobartaoscain, Inis, Co. an Chláir	065 - 23155 065 - 43952	065 - 231 56
Tiobraid Árann Thuaidh	Ospidéal Ginearálta, An tAonach, Co. Thiobraid Árann	067 - 31491	067 - 41357

### Bord Sláinte an Oirthuaiscirt

#### Bainisteoir chúram leanaí an cheantair

<i>Ceantar an Chúraim Pobail</i>	<i>Seoladh</i>	<i>Uimh. Theileafóin</i>	<i>Facs</i>
An Cabhán/ Muineachán	Aonad Chúram leighis, Muineachán.	047 - 30400	047 - 84587
Lú	Oifig Chúraim Pobail, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Dún Dealgan.	042 - 933 2287	042 - 933 3814
An Mhí	An tIonad Acmhainní Teaghlaigh, Commons Rd., An Uaimh, Co. Na Mí	046 - 73178	046 - 73183

### Bord Sláinte an Iarthuaiscirt

#### Bainisteoir chúram leanaí an cheantair

<i>Ceantar an Chúraim Pobail</i>	<i>Seoladh</i>	<i>Uimh. Theileafóin</i>	<i>Facs</i>
Dún na nGall	Bealach Féich, Co. Dhún na nGall.	074 - 31391	074 - 31983
Sligeach/Liatrom	Teach Markievicz, Sligeach	071 - 55177	071 - 55131

### Bord Sláinte an Deiscirt

#### Bainisteoir chúram leanaí an cheantair

<i>Ceantar an Chúraim Pobail</i>	<i>Seoladh</i>	<i>Uimh. Theileafóin</i>	<i>Facs</i>
An Laoi Theas	Abbey Court House, Cé Sheoirse, Corcaigh	021 - 923814	021 - 963822
An Laoi Thuaidh	Abbey Court House, Cé Sheoirse, Corcaigh	021 - 965511	021 - 963822
Corcaigh Thuaidh	Hibernian Way, Bank Place, Mala.	021 - 30200	021 - 42504
Corcaigh Thiar	Hibernian Buildings, An Phríomhshráid, An Sciobairín, Co. Chorcaí.	028 - 23141	028 - 23172
Ciarraí	18 Denny Street, Trá Lí, Co Chiarraí	066 - 20300	066 - 81480

### Bord Sláinte an Oirdheiscirt

#### Bainisteoir chúram leanaí an cheantair

<i>Ceantar an Chúraim Pobail</i>	<i>Seoladh</i>	<i>Uimh. Theileafóin</i>	<i>Facs</i>
Ceatharlach/Cill Chainnigh	James Green, Cill Chainnigh	An tIonad Cúraim Pobail, 056 - 52208	056 - 64172
Port Láirge	An tIonad Cúraim Pobail, Bóthar Chorcaí, Port Láirge.	051 - 842800	051 - 843688
Loch Garman	An tIonad Cúraim Pobail, Grogan's Road, ACC Building, Sráid Sheoirse, Port Láirge.	053 - 65112 053 - 23394	053 - 65113
Tiobraid Árann Theas	An tIonad Cúraim Pobail, Western Rd., Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann	052 - 77000	052 - 25337

**Bord Sláinte an Iarthair****Bainisteoir chúram leanaí an cheantair**

<i>Ceantar an Chúraim Pobail</i>	<i>Seoladh</i>	<i>Uimh. Theileafóin</i>	<i>Facs</i>
Gaillimh	Oifigí Chúraim Pobail, 25 Bóthar an Chaisleáin Nua, Gaillimh.	091 - 523122	091 - 524231
Maigh Eo	Clinic an Chontae, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo.	094 - 22333	094 - 27106
Ros Comáin	Oifigí an Bhoird Sláinte, Sráid Bhéal Átha Liag, Ros Comáin.	0903 - 26732	0903 - 26732



## Aguisín 4

### Sampla de fhoirm iarratais do oibrí deonach

#### F a o i R ú n

Sloinneadh \_\_\_\_\_

An chéad ainm \_\_\_\_\_

Seoladh: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Dáta Breithe: \_\_\_\_\_ Uimh. Teil. \_\_\_\_\_

An bhfuil tú: (Ticeáil)

Fostaithe       Dífhostaithe       Ar Scoil   
 I bhfeighil an tí       Éirithe as obair       Eile

Taithí oibre roimhe seo:

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

An raibh tú páirteach in obair dheonach roimhe seo?    Bhí     Ní raibh

Má bhí, tabhair sonraí:

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Cé mhéad ama is féidir leat a thabhairt do obair dheonach? (Ticeáil)

	Luan	Máirt	Céad	Déar	Aoine	Sath	Domh
Maidin							
Iarnóin							
Tráthnóna							

An mbíonn aon chaithimh aimsire, ábhar spéise nó gníomhaíochtaí agat i do am saor?

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Aon eolas ábhartha eile?

---



---



---



---

Tabhair ainmneacha agus seoltaí beirte a bheimis in ann dul i dteagmháil leo faoi theistiméireacht (ná luaigh gaolta).

Ainm: \_\_\_\_\_ Ainm: \_\_\_\_\_

Seoladh: \_\_\_\_\_ Seoladh: \_\_\_\_\_

---



---

Fón: \_\_\_\_\_ Fón: \_\_\_\_\_

Sínithe: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

### Eolas breise:

B'fhéidir go bhfuil eolas eile ann a theastódh uait a fhiafrú ar an bhfoirm iarratais, nó b'fhéidir gurbh fhéarr leat fanacht leis an agallamh, m.sh.,

- An bhfuil tú in ann tiomáint? An bhfuil fáil ar charr agat?
- Conas a fuair tú amach faoin deis seo le hobair dheonach a dhéanamh?
- Cén fáth a dteastaíonn uait obair dheonach a dhéanamh?
- An bhfuil aon mhíchumas ort a chuirfeadh as don obair dheonach a bheadh ar síúl agat?
- A ndearna tú cion coiriúil riamh?





## Aguisín 5

### Sampla de fhoirm dhearbhúcháin do oibrí deonach

#### F a o i R ú n

**DEARBHÚCHÁN Ó GACH BALL FOIRNE AGUS OIBRÍ DEONACH  
OBAIR LE LEANAÍ AGUS DAOINE ÓGA  
(tógtha ón leagan atá in *Our Duty to Care, Tuaisceart na hÉireann*)**

Sloinneadh: \_\_\_\_\_ An chéad ainm \_\_\_\_\_

Dáta Breithe: \_\_\_\_\_ An áit a rugadh tú: \_\_\_\_\_

Aon ainm eile a bhí ort roimhe seo \_\_\_\_\_

1. An fíor gur ciontaíodh riamh tú i gcion choiriúil, gur tugadh Rabhadh duit nó gur gearradh Ordú Bannaí ort?  
Is fíor  Ní fíor

Más fíor, inis thíos cad é nádúr agus dáta(i) an chiona/na gcionta:

Nádúr an chiona      Dáta an chiona

_____	_____
_____	_____
_____	_____

Sínithe: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

## Aguisín 6

### Sampla de fhoirm theistiméireachta do oibrí deonach

#### F a o i R ú n

\_\_\_\_\_ tá suim léirithe ag an duine thuasluaite a bheith ina (h)oibrí deonach sa chumann/eagraíocht seo agus thug sé/sí do ainmse le teistiméireacht a fháil uait.

Tá a lán oibre le leanaí i gceist sa phost seo, agus mar eagraíocht atá dírithe ar leas agus cosaint leanaí, ba mhór againn dá gcuirfeá in iúl dúinn an bhfuil aon chúis ar bith ar cheart a bheith inníoch faoin iarratasóir seo a bheith i dteagmháil le leanaí nó le daoine óga.

Tá  Níl

Más 'tá' an freagra, beimid i dteagmháil leat faoi rún.

Má tá tú sásta an teistiméireacht seo a chomhlánú, coinneofar an t-eolas ar fad atá ar an bhfoirm faoi rún, agus ní bheidh fáil ag aon duine ar an eolas ach ag an maoirseoir a bheidh i gceannas ar an iarratasóir go díreach, sa chás is go dtairgeo far post don té sin. Ba mhór againn tú a bheith an-oscailte i do chuid meastóireachta ar an duine seo.

Cén fhad a bhfuil aithne agat ar an duine seo? \_\_\_\_\_

Cén chaoi a bhfuil aithne agat air/uirthi? \_\_\_\_\_

Cé na buanna atá ag an duine seo a bheadh oiriúnach do oibrí deonach, dar leat?

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Cén cuntas a thabharfá ar phearsantacht an duine seo?

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Cén cuntas a thabharfá ar phearsantacht an duine seo?

Cad é do mheas ar an duine seo faoi na teidil seo a leanas (cuir isteach tic faoi do rogha)

	Go dona	Réasúnta	Go maith	An-mhaith	Ar fheabhas
Freagrach					
Ciallmhar					
In ann oibríú as/aisti féin					
In ann daoine a spreagadh					
Fuinneamh					
Iontaofacht					
Muiníneach					

Sínithe: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

Slí bheatha: \_\_\_\_\_



## Aguisín 7

### Foirm chaighdeánach le tuairisciú ar imní faoi chosaint agus/nó leas linbh

#### PRÍOBHÁIDEACH AGUS FAOI RÚN

*I gcás Éigeandála, nó taobh amuigh de uaireanta oibre an Bhoird Sláinte, ní mór dul i dteagmháil leis an nGarda Síochána.*

A. Chuig an bPríomhoibrí Sóisialta Ainmnithe: \_\_\_\_\_

Is féidir é seo a phriontáil i riocht a bheidh oiriúnach do gach Ceantar Chúram Pobail

Ainm: \_\_\_\_\_ Ainm: \_\_\_\_\_

#### 1. Eolas faoin Leanbh:

Ainm: \_\_\_\_\_ Fireann:  Baineann:

Seoladh: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ Aois/Dáta Breithe: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ Scoil: \_\_\_\_\_

1a. Ainm na Máthar: \_\_\_\_\_ Ainm an Athar: \_\_\_\_\_

Seoladh na Máthar munar ionann \_\_\_\_\_ Seoladh Athar munar ionann

le seoladh an Linbh: \_\_\_\_\_ le seoladh an Linbh:

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Uimhir Theileafóin: \_\_\_\_\_ Uimhir Theileafóin: \_\_\_\_\_

1b. Socruithe Cúraim agus Coimeád an linbh, más eol duit: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

#### 1c. An Líon Tí:

Ainm	Gaol leis an Leanbh	Dáta Breithe	Eolas breise: m.sh. Scoil/Slí Bheatha

Nóta: Ní mór foirm thuairiscithe ar leith a líonadh i gcás gach linbh atá le tuairisciú.

2. Sonraí faoin imní, líomhain(tí) nó teagmha(i)s, dátaí, amanna, cé a bhí i láthair, cur síos ar aon ghortuithe a facthas, tuairim(i) na dtuismitheoirí, tuairim(i) an linbh (más eol duit)

**3. Sonraí faoin duine/na daoine a bhfuil sé curtha ina leith gur cúis imní iad i dtaca leis an leanbh:**

Ainm: \_\_\_\_\_ Aois: \_\_\_\_\_ Fireann:  Baineann:

Seoladh: \_\_\_\_\_

Gaol leis an Leanbh: \_\_\_\_\_

Slí bheatha: \_\_\_\_\_

**4. Ainm agus Seoladh na ndaoine eile nó na ngníomhaireachtaí eile atá gafa leis an leanbh seo:**

Oibríthe Sóisialta: \_\_\_\_\_ Scoil: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Altraí Sláinte Poiblí: \_\_\_\_\_ Gardaí: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Dochtúir Teaghlaigh: \_\_\_\_\_ Réamhscoil/Crèche/Club Óige \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Ospidéal: \_\_\_\_\_ Eile, Sonraigh, m.sh. Grúpaí Óige,

\_\_\_\_\_ Clubanna Tar Éis Scoile: \_\_\_\_\_

**5. An bhfuil na Tuismitheoirí/Caomhnóirí Dlíthiúla ar an eolas faoin tarchur seo chuig an Roinn Obair Shóisialta?**

Tá  Níl

Más Tá an freagra, cad a mheasann siad?

**6. Sonraí an Duine atá ag tuairisciú an imní:**

(Féach na Treoimnótaí i dtaca le Teorainneacha rúndachta)

Ainm: \_\_\_\_\_ Slí bheatha: \_\_\_\_\_

Seoladh: \_\_\_\_\_

Uimhir Theileafóin: \_\_\_\_\_

An cineál agus an méid teagmhála leis an Leanbh/Teaghlach: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

**7. Sonraí an Duine atá ag líonadh na foirme:**

Ainm: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

Slí bheatha: \_\_\_\_\_ Síniú: \_\_\_\_\_



### Treoirnótaí:

Tá dualgas reachtúil ar na Boird Sláinte, faoi réir an Acht um Chúram Leanaí, 1991, leas agus cosaint na leanaí atá ina réigiún a chur chun cinn. Dá bharr sin, tá dualgas ar na Boird Sláinte eolas a fháil faoi aon leanbh nach bhfuil ag fáil cúraim agus/nó cosanta mar is cóir.

Tá an fhoirm thuairiscithe seo le n-úsáid ag:

- Foireann na mBord Sláinte
- Gairmeoirí agus daoine aonarach a chuireann seirbhísí chúram leanaí ar fáil sa phobal agus a bhfuil conarthaí seirbhíse acu leis na boird sláinte
- Duine ainmnithe i ngníomhaireacht dheonach nó phobail
- Aon ghairmeoir nó duine aonair a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí a thugann faoi deara cúis imní faoi chosaint nó faoi leas leanaí, nó a gcuirtear tuairisc chuige/chuici faoi imní i dtaca le cosaint nó leas leanaí

Líon isteach an t-eolas agus na sonraí ar fad atá agat. (Ba chóir do fhoireann an Bhoird Sláinte é sin a dhéanamh i gcomhar lena mbainisteoir líne). Cuideoidh sin leis an Roinn Obair Shóisialta agus iad ag measúnú leibhéal an bhaoil ina bhfuil an leanbh, nó cé na seirbhísí tacaíochta a theastaíonn. Muna bhfuil an fhaisnéis a theastaíonn ar eolas agat, léirigh é sin trí líne a chur tríd an gceist. Is maith an seans go mbeidh oibrí sóisialta i dteagmháil leat chun do thuairisc a phlé.

Tá sé mar aidhm ag na Boird Sláinte a gcuid oibre a dhéanamh i gcomhar le tuismitheoirí. Má tá an tuairisc seo á tabhairt agat faoi rún, ní mór a chur san áireamh nach féidir leis an mBord Sláinte geallúint iomlán rúndachta a thabhairt duit, mar:

- D'fhéadfaí ordú Cúirt a dhéanamh go gcuirfí an t-eolas ar fáil.
- Faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997, d'fhéadfadh an Coimisinéir Faisnéise ordú a dhéanamh an t-eolas a chur ar fáil.

Tabhair faoi deara freisin, agus tú ag déanamh tuairisce 'bona fide', go bhfuil cosaint agat faoin Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998.

Muna bhfuil tú cinnte an ceart do ábhar imní a thuairisciú, cuir glao teileafóin ar an oibrí sóisialta atá ar dualgas agus plé an scéal leis/léi sin. *(Cuirfear socrúithe áitiúla isteach anseo).*